


Tuarascáil Bhliantúil 2018



ombudsman
do leanaí
for children



Clár an Ábhair

Teachtaireacht ón Niall	2
Cé sinn	4
Faoi Tuarscáil seo	4
Ár mBuaicphointí	5
Oideachas	13
Tacaíocht Theaghlaigh, Cúram agus Cosaint	19
Sláinte	23
Cóir	31
Tithíocht	35
Sábháilteacht Ar Líne agus Aitheantas	39
Cur Chuige Leanbhlaraithe Faoi Lán Seoil	43
Ag Féachaint Ar Aghaidh go 2019	49
Ag bainistiú na hOifige	51



Dr Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí

Teachtaireacht ón Niall

Tá áthas orm mo Thuarascáil Bhliantúil don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2018 a chur faoi bhráid an Oireachtais de bhun Roinn 13(7) d'Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

Sular ceapadh mé ceithre bliana ó shin, iarradh ar pháistí cén cineál duine ba cheart don Ombudsman do Leanaí a bheith. Ba iad “Cróga”, “Cothrom”, “Dáiríre” agus “Iontaofa” roinnt de na tréithe a phioc siad amach. Dúradar chomh maith gur cheart don Ombudsman do Leanaí a bheith mar “Duine a bhfuil meas acu ar thuairim pháiste” agus “Duine a bhfuil fhios acu go bhfuil gach páiste éagsúl”. D’fhan focail na bpáistí liom, agus bhíodar mar bhunús na luachanna taobh thiar dár n-obair gach lá. Is iad na luachanna sin ná Comhbhá, Nuálaíocht, Inrochtaineacht, Údarásach, Neamhspleách agus Iontaofa. Léireoidh ár dTuarascáil Bhliantúil 2018 an obair atá ar siúl ar fud na hoifige chun na luachanna seo a chur i bhfeidhm agus chun deimhniú go bhfuilimid ag cosaint agus ag cur cearta gach páiste in Éirinn chun cinn i slí a chomhlíonann na hidéil léirithe ag na páistí sin siar i 2015.

I mbliana, díríonn an tuarascáil ar shaincheisteanna éagsúla bainteach le páistí agus sonraíonn sé obair na hOifige thar gach feidhm reachtúil; Gearáin agus Fiosrúcháin, Beartas, agus Rannpháirtíocht agus Oideachas um Chearta. Measaim go léiríonn an cur chuige seo an tslí ina n-oibríonn an Oifig ar bhonn níos cruinne agus an tslí a théimid i ngleic le saincheisteanna sláinte, oideachais, cosaint pháistí agus saincheisteanna eile mar ghrúpa,

ó gach taobh atá ar fáil dúinn faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002. Léiríonn an tuarascáil seo chomh maith go bhfuil beart á dhéanamh de réir ár mbriathair againn maidir le páistí a thabhairt san áireamh agus éisteacht lena dtuairimí. Tá rannpháirtíocht pháistí tar éis feabhas suntasach a chur ar thorthaí ár n-oibre ar fad agus tá súil agam gur féidir le heagraíochtaí poiblí eile an luach breise a thagann ón gcead a thabhairt do leanaí a bheith rannpháirteach, ach go háirithe i gcás cinntí a bhaineann leo, a fheiscint.

I 2018, chonaiceamar méadú i líon na bpáistí ag déanamh gearáin go díreach linn. Creidimid go bhfuil sé seo amhlaidh toisc an ghníomhaíocht mhéadaitheach ón bhFoireann Rannpháirtíochta agus Oideachais um Chearta a bhain leas as beirt bhaill foirne nua a bheith acu i 2018. Chuir m’fhoireann Ghearáin agus Fiosrúcháin níos mó oibre for-rochtana ar bun chomh maith mórthimpeall na tíre agus d’fhéadfadh gur chabhraigh sé sinn le páistí agus ógánaigh teagmháil a dhéanamh linn.

Cosúil le blianta roimhe seo, d’oibrigh m’fhoireann Ghearáin agus Fiosrúcháin go díreach le leanaí agus teaghlaigh a raibh cúis imní maidir le riarachán acu agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar thithíocht leormhaith. Rinneamar an cinneadh chomh maith chun ár n-oibleagáid reachtúil a úsáid chun guth an linbh a chloisint, ag cur tuis le comhairliúchán le leanaí atá ag maireachtáil i Moil Theaghlaigh. Cuireadh an obair seo ar bun taobh le hathbheithniú ar bheartas tithíochta atá mar bhunús na tuarascála ar Mhoil Theaghlaigh. Is iarracht foirne í seo amach is amach thar an OCO agus is iarracht í a chreidim atá riachtanach

de dheasca na géarchéime tithíochta, atá ag goilleadh níos mó ar shaolta daoine an t-am ar fad. Is oth liom athrá a dhéanamh ar an méid a scríobh mé sa Tuarascáil Bhliantúil 2017 – tá cur chuige nua de dhíth ar an Rialtas. Caithfidh an Stát athrú ó thús áite a thabhairt do shuimeanna airgeadais príobháideacha a fhéachann ar thithíocht mar thráchtarra agus tosnú ag tabhairt aitheantais do thithíocht mar mhaitheas sóisialta ag tabhairt áit shochair chun cónaí le dínit do leanaí agus teaghlaigh. Le breis is 10,000 duine in iostas éigeandála ar leanaí iad 3,800 acu sin, tá sé in am don Rialtas tithíocht a aithint mar mhaitheas sóisialta agus chun chun breithniú a dhéanamh ar an gcomhrá a athoscailt maidir le Ceart Bunreachtúil ar Thithíocht. Tá sé in am an tsaincheist maidir le ceart ar thithíochta inár mBunreacht a chur chun cinn, mar a gealladh laisigh den gClár Do Rialtas Comhpháirtíochta (2016).

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo, is féidir leat léamh faoi Molly (14 bliana d'aois), Amy (6 bhliain d'aois) agus Daniel (17 mbliana déag d'aois), a leagann a scéalta béim ar an dul chun cinn atá fós le déanamh chun comhionannas do leanaí faoi mhíchumas in Éirinn a chinntiú. Dhírigh mé ar mhíchumais i 2018 agus seo réimse a bheimid ag forbairt níos mó i 2019. Tá mé fós fíorimníoch faoin tionchar atá ag moilleanna maidir le rochtain a fháil ar Mheasúnúchán Riachtanais agus ar na seirbhísí dá éis ar leanaí faoi mhíchumas. Ós rud é go bhfuil Éire ina ceannaire polaitiúil san Eoraip, go bhfuil eacnamaíocht láidir aici agus go bhfuil an tír ag druidim le fostaíocht iomlán, tá sé uafásach a cheapadh nach féidir linn fós tacaíocht leormhaith a sholáthar dár leanaí is leocháilí. Caithfear measúnú a dhéanamh ar leanaí faoi mhíchumas chomh tapaigh agus is féidir, ní chun breis tacaíochtaí a fháil, ach chun an méid atá i dteideal acu go dlisteanach a fháil agus chun cinntiú go bhfuil a n-aistear oideachasúil agus saoil chomh tairbheach agus sásúil agus is féidir.

Le linn 2018, chonaiceamar líon forbairtí tráthúla i reachtaíocht bainteach le páistí agus daoine óga, lena n-áirítear achtachán an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus an t-achtachán a bhfuiltear ag súil leis le fada den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018. Taobh leis na forbairtí dearfacha seo, bhí moilleanna díomácha maidir le reachtaíocht thábhachtach a chur chun cinn. Tá súil agam

go bhfoilseofar roinnt Billí tábhachtacha i 2019, lena n-áirítear an Bille Oideachais (Cairt Tuismitheora agus Scoláire), an Bille um Chúram Leanaí (Leasú), an Bille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) agus an Bille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála. Táim ag súil chomh maith le dul chun cinn a fheiscint ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumais (UNCRC), agus go háirithe le daingniú maidir le na Prótacail Roghnacha. I 2019, bheinn ag súil chomh maith go ndéanfadh Éire daingniú ar deireadh ar an Dara Prótacal Roghnach don UNCRC ar dhíol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid gnéasach (an Coinbhinsiún 'Lanzarote').

Léiríonn ár dTuarascáil Bhliantúil do 2018 go bhfuil botúin fós á dhéanamh ag eagraíochtaí poiblí d'ainneoin go bhfuil feabhas in eacnamaíocht na hÉireann agus go bhfuil tionchar diúltach fadtéarmach ag na botúin seo ar ár leanaí. Léiríonn na gearáin chuig m'Oifig agus an t-idirghníomhú atá againn le leanaí thar gach feidhm go bhfuil na daoine nach gcloistear go minic, na leanaí is leocháilí, agus go háirithe iad siúd nach féidir nó nach eol dóibh labhairt dóibh féin, fós faoi scáth.

Dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar TD, go bhfuil Éire tiomnaithe don AE “a sheasann go bunúsach agus go simplí do agus a éileann meas ar dhínit dhaonna, saoirse phearsanta agus eacnamúil, daonlathas, comhionannas os comhair an dlí, riail an dlí agus cearta daonna.” (Léacht Martens, Leuven, 26 Aibreán 2018)

Mar sin, tá Éire á chur chun cinn mar chosantóir láidir cearta agus cé go bhfuil téarmaí ar nós lonchuimsitheacht, Comhionannas agus Neamh-idirdhealú á úsáid go rialta sa lá atá inniu ann, fós ní bhaineann siad le gach leanbh i ngach cúinse. Táim fós tiomanta maidir le drochchleachtas a aibhsiú agus éagóracha a thabhairt chun solais más ann dóibh. Leanfaidh mé ar aghaidh leis an obair luachmhar atá curtha ar bun ag m'fhoireann i 2018 agus tá mé dóchasach go n-éireoidh linn solas a chaitheamh ar chúiseanna imní bainteach le cearta leanaí i ngach cuid den sochaí.



Cé sinn

The Ombudsman for Children's Office (OCO) is a human rights institution that promotes the rights and welfare of children and young people under 18 years of age living in Ireland.

The OCO investigates complaints about services provided to children by public organisations. The service is free and independent.

The Ombudsman for Children Act, which sets out the role and powers of this Office, was agreed by the Dáil and the Seanad in 2002. Dr Niall Muldoon is the current Ombudsman for Children. Niall was appointed by the President and reports directly to the Oireachtas.

Fís OCO

Is mian linn Éire a fheiscint ina léirítear meas do, ina gcosnaítear agus ina gcomhlíontar cearta leanaí, agus ina éistítear le agus ina léirítear meas go gníomhach do gach leanbh agus duine óg ionas go bhfuil saolta laethúla sábháilte, comhlíontacha agus sásta acu. Úsáidimid ár neamhspleáchas agus cumhachtaí chomh mór agus is féidir linn chun é seo a dhéanamh.

Luachanna OCO

Comhbháich, Inrochtana, Údarásach,
neamhspleách, nuálach, Trédhearcach

Faoin tuarascáil seo

Is achoimre é an Tuarascáil Bhliantúil seo de na príomhghnéithe den obair atá curtha ar bun ag Oifig an Ombudsman do Leanaí i 2018. Féachann sé ar chuid de na buaicphointí ón Oifig i 2018, agus soláthraíonn sé acoimhre sonrach d'obair ár bhFoireann Ghearáin agus Fiosrúcháin, ár bhFoireann Bheartais, agus ár bhFoireann Rannpháirtíochta agus Oideachais um Chearta i roinnt réimsí lárnacha.


Tá súil againn go dtugann an tuarascáil seo achoimre soiléir ar an obair atá ar siúl againn le chéile, i mórán slíte éagsúla chun saolta leanaí agus daoine óga in Éirinn a fheabhsú.

Is féidir leat eolas faoinár gcuntais agus foilseacháin a léamh agus a íoslódáil ar www.oco.ie.




1

Ár mBuaicphointí



1.1 Gearáin



I 2018, fuairamar 1,622 gearán nua. Cé gur laghdú é seo ó fhigiúirí 2017, tá sé i gcomhréir go mórthóir le blianta roimhe sin. Bhí níos lú gearán againn ó scoileanna, agus faoin oideachas go ginearálta. D'ainneoin sin, is é an t-oideachas an t-ábhar is mó fós a dhéantar gearáin faoi.

An caoi a fhaighimid gearáin

Faighimid formór na ngearán nua ar an teileafóin. Le blianta beaga anuas áfach, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a dhéanann teagmháil linn trí ríomhphost nó trínár bhfoirm ghearáin ar líne. Tá líon suntasach duine a dhéanann gearáin duine le duine, rud a aibhsíonn an tábhacht a bhaineann lenár n-obair for-rochtana agus an deis a fháil casadh le daoine aghaidh ar aghaidh.




Cén áit óna dtagann gearáin (de réir Contae)

Níl suíomh ag baint le gach gearán a fhaighimid. Tá sé seo amhlaidh mar go minic bíonn duine éigin ag léiriú imní a bhaineann ní le leanbh speiceasach i suíomh áirithe, ach le go leor leanaí.

As na 850 gearáin nua inar soláthraíodh suíomh in Éirinn, tháinig an uimhir is mó ó réigiún Bhaile Átha Cliath. Ní haon ionadh é seo ós rud é gurb í seo an áit is mó daonra. Tá tréaniarracht á dhéanamh ag an OCO áfach chun taisteal lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus chun daoine i réigiúin eile a chur ar an eolas faoi obair na hOifige.

Ceatharlach	2%	Longfort	1%
Cabhán	2%	Lú	4%
Clár	3%	Maigh Eo	2%
Corcaigh	11%	Mí	6%
Dún na nGall	2%	Muineacháin	1%
Baile Átha Cliath	29%	Ua Fáilghe	2%
Gaillimh	5%	Ros Comán	2%
Ciarraí	2%	Sligeach	1%
Cill Dara	3%	Tiobraid Arainn	2%
Cill Chainnigh	2%	Port Lairge	3%
Laois	2%	Loch Garman	3%
Liatroim	1%	Iarmhí	3%
Luimneach	3%	Cill Mhantáin	3%



Cé a rinne teagmháil linn?

Tuismitheoirí	78%
Proifisiúnaigh	7%
Teaghlach Sínte	5%
Leanaí	5%
Aosaigh Neamhghaolmhara	3%
Eagraíochtaí	1%
Eile	1%
Iomlán	100%

I 2018 mhéadaigh líon na ngearán ag teacht go díreach ó leanaí ó 3% go 5%. Tá sé seo an-suntasach mar bhí ár míle dícheall déanta againn chun cloisint go díreach ó leanaí agus daoine óga nuair is féidir. Dealraítear go mbaineann an méadú seo le gníomhaíocht for-rochtana méadaithe an OCO i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus Ionaid Soláthar Díreach ach tá sé tugtha faoin ndeara againn chomh maith go bhfuil leanaí níos eolaí faoinár n-oifig agus tá siad ag déanamh gearán go díreach nó ag fáil cabhrach chun a leithéid a dhéanamh ó thacadóirí.

Rinne tuismitheoirí nó baill teaghlaigh eile a bhfuil ról lárnach acu maidir le himní a léiriú i leith conas a chaitheann eagraíochtaí poiblí le leanaí formhór de na gearáin, ar nós blianta roimhe sin.

Cad faoi a fuaireamar gearáin i 2018?

Céatadán de ghearáin bainteach le hearnálacha éagsúla i 2018	
Oideachas	42%
Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint	24%
Sláinte	16%
Cóir	7%
Tithíocht agus Pleanáil	5%
Airgeadas agus Leas	2%
Eile	4%

Tá saol linbh coimpléascach. Go minic baineann gearáin a fhaigheann an OCO le níos mó ná cúis imní amháin agus níos mó ná cineál amháin seirbhíse nó soláthraí seirbhíse. Dár dtaifid féin, déanaimid rangú ar an bpríomhchúis imní i ngearán.

I 2018, ba é an t-oideachas an chúis imní is mó a rinneadh gearán fuithi ag 42%, bhain 24% de ghearáin le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, cúraim agus cosanta – b'shin méadú de 2% ó 2017. Bhí méadú de 2% i ngearáin bainteach le seirbhísí sláinte i 2018 chomh maith.




Ceardlanna Feasachta Cearta

Thug os cionn 1,100 páiste agus ógánach ó 52 bunsoileanna, iarbhunscoileanna agus seribhísí óige i 13 contae cuairt orainn i 2018 le haghaidh ceardlanna feasachta cearta.

I 2018 chuireamar léachtaí agus ceardlanna larchéime speiceasacha ar bun chomh maith d'os cionn 300 mac léinn triú leibhéal ag freastal ar 12 institiúidí.

Ceardlanna Feasachta Cearta



Gníomhaíocht ar líne

Saincheisteanna is Mó Suime ar Facebook

73,900	Cainteanna faoi Leanaí Beoshruuthú
16,100	Físeán de Choinbinsiún na NA ar Chearta Linbh
11,900	Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas GIF
11,300	Cuairt For-Rochtana Bhaile Munna
8,700	Físeán de Chuairt Scoile na Carraige Duibhe

701,325	Rochtain Foriomlán Facebook i 2018
3,340	Leantóirí nua

Staitisticí Suímh Gréasain Buaicphointí 2018

113,817	Amharc Leathanaigh an tSuímh Ghréasáin
29,501	Úsáideoirí Nua an tSuímh Ghréasáin

Céad 5 Amharc Leathanaigh Is Mó ar an Suíomh Gréasáin

23,852	Ceartha Linbh
16,430	Fúinn
12,357	Gearáin
12,012	Leabharlann
7,939	Nuacht

Staitisticí Twitter Buaicphointí 2018

An 3 Fheachtas Is Fearr ar Twitter d'Fhoilseacháin OCO

32,432	Ár mBreathimeacht Atá Ann Fresin
26,674	Cás Molly
15,120	Tóg Mo Lámh

An 3 Ócáidí Meáin OCO Is Fearr ar Twitter

27,051	Láinseáil na Tuarascála Bliantúla
19,915	RTÉ Raidió 1 Agallamh faoi Aois Toilithe Dhigiteach
18,937	Alt Tuairimíochta san Irish Times ar mheabharshláinte

An 5 Físeán is Coitianta ar Twitter

94,595	Cainteanna Leanaí - Beoshruuthú
71,453	Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh
48,378	Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas GIF
37,305	Buaicphointí Físeáin Mhúsaem na gCeart
33,060	Físeán Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Youtube

An Físeán Is Mó Amhairc ar Youtube

46,101	Fógra Promóisin - An Físeán Gealltanais 2018
45,493	Fógra Comórtas Beochana Náisiúnta 2018

Fógraíocht raidió áitiúil

Rinne an OCO feachtais fhógraíochta ar Radio Kerry, Highland Radio, Shannonside, Northern Sound agus Midwest Radio chun eolas a scaipeadh faoin oifig lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

Rights Runner

I 2018, d'fhorbraíomar cluiche oideachasúil ar líne darb ainm 'Rights Runner'. Rachaidh an cluiche seo beo i 2019

Móirmeachtaí ar a fhreastail an OCO

Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chosaint Leanaí agus Cearta an Linbh i Monacó Seimineár

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Láinseáil Scannáin de scannáin leanaí ag an bpictiúrlann Light House

Cuairt an OCO do dtí Ombudsman Ontario i gCeanada

Strasbourg chun casadh le Comhairle na hEorpa ar chearta an linbh

Líon na leanaí go ndearnamar teagmháil leo

San iomlán, rinne an tOmbudsman do Leanaí agus an fhoireann OCO teagmháil le breis is 5,600 leanbh i 2018.

Chas Niall go díreach le breis is 2,330 leanbh agus duine óg trína chuairteanna ar fud na tíre agus ag ócáidí. Rinne foireann an OCO teagmháil le 3,200 páiste sa bhreis ag ócáidí, trí ghearáin agus trí cheardlanna a sholáthar.

For-rochtain OCO


I 2018, leanamar lenár gclár for-rochtana, le cuairteanna chuig Ionaid Soláthar Díreach ar fud na tíre, chomh maith le cuairteanna míosúla chuig Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. I 2018, d'óstáladar ár gcéad chruinniú pearsanta OCO i gcathair Chorcaí chomh maith. Thugamar cuireadh do 60 eagraíochtaí a oibríonn go díreach le leanaí teacht agus níos mó a fhoghlaim faoinár n-oifig

Dul roimh an Oireachtais

Eanáir 2018 roimh Chomhchoiste an Oireachtais ar Leanaí agus Gnóthaí Óige

Meitheamh 2018 roimh Chomhchoiste an Oireachtais ar Thodhchaí Cúraim Meabhairshláinte





Sa roinn seo, scrúdaimid an obair atá déanta ag Oifig an Ombudsman do Leanáí i réimse an Oideachais thar gach feidhm na hOifige; Gearáin agus Fiosrúcháin, Beartas, agus Oideachais um Chearta agus Rannpháirtíocht..

Tábla 1: Briseadh síos na ngearán faoi Oideachas

Scoileanna (lena n-áirítear, bunscoileanna, iarbhunscoileanna, scoileanna speisialta agus eile)	72%
Roinn Oideachais agus Scileanna	11%
Gníomhaireachtaí Oideachais eile lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC)	4%
Eile	13%

Tá an t-oideachas ina chúis imní lárnach d'fhorhóir tuismitheoirí agus ní haon ionadh é mar sin gurb é an t-oideachas an chúis imní is mó a dhéantar gearáin fuithi bliain ina dhiaidh bliana. I 2018, bhain 42% de ghearáin a fuair an OCO le hoideachas. Bhí an figiúir seo beagánín níos lú ná 2017 nuair a bhain 45% dár ngearáin le hoideachas. I 2018 fuaireamar níos lú gearán faoi scoileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus gníomhaireachtaí oideachais eile. Bhí méadú suntasach áfach i líon na ngearán faoi chúiseanna imní 'eile' a áiríonn seirbhísí leas oideachais TUSLA agus scéimeanna Oideachais. Thugamar faoi ndeara chomh maith go raibh méadú i ngearáin faoi oideachais a bhain le tithíocht; nuair a bhí srian ar rochtain ar scoil de bharr an leanbh a bheith gan dídean, nó nuair atá deacracht ag leanbh atá in áis ospidéil meabhairshláinte rochtain a fháil ar oideachas.

2.1 Cás Staidéir – Rochtain ar Oideachas

Cúntóir Riachtanas Speisialta Lánaimseartha do Alex

An gearán:

Bhí deacracht ag Alex freastal ar a scoil náisiúnta toisc nach raibh Cúntóir Riachtanas Speisialta aige. Bhí diagnóis de thitmeas dian aige agus bhí freagra tapaidh ag teastáil dá mbeadh taom titimis aige, mar sin bhí gá dó a bheith faoi mhaoirseacht dhlúth.

Gníomh an OCO:

Chuir príomhoide na scoile an gearán seo ós ár gcomhair mar gur bhraith sí nár sholáthraigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta clúdú Cúntóir Riachtanas Speisialta leormhaith do leanbh sa seomra ranga mar gheall ar a riachtanas. Bhí deacracht ag an bPríomhoide chomh maith maidir leis an gcúis imniú a léiriú don NCSE.

An toradh:

Tar éis ár n-idirghabhála, rinne an NCSE athbhreithniú ar an gcás agus an t-eolas leighis agus rinne siad an cinneadh deiridh go mba cheart Cúntóir Riachtanas Speisialta a sholáthar agus cuireadh é sin in ionad do Alex.

Tacaíocht altranais chun cabhrú le Louise dul ar scoil

An gearán:

Bhí Louise 7 mbliana d'aois le riachtanais leighis choimpléasacha. Bhí sí ag cailliúint amach ar a hoideachas toisc nach raibh sí in ann freastal ar scoil os rud é nach raibh aon tacaíocht altranais ar fáil chun dul ar scoil léi agus fanacht léi fad is a bhí sí ar scoil.

Ní féidir léi freastal ar scoil ach nuair atá a tuismitheoir ábalta taisteal léi agus fanacht an lá ar fad ar scoil ach ní raibh sé seo indéanta an t-am ar fad agus bhí Louise tar éis cailliúint amach ar a lán dá hoideachas. Ar deireadh, bhog Louise go dtí scoil ina raibh an tacaíocht altranais a bhí riachtanach di agus bhí sí ábalta filleadh ar a hoideachas.

Gníomh an OCO:

Bhí imní orainn nuair a fuaireamar amach nach raibh an FSS ná An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) freagrach as deimhniú go raibh an tacaíocht altranais riachtanach ag leanaí ar nós Louise chun freastal ar scoil. Cúis imní ab ea í seo don oifig ar feadh tréimhse fhada. Chomh maith le sin, dúirt roinnt príomhoidí de scoileanna speisialta leis an Ombudsman go raibh siadsan imníoch chomh maith go raibh leanaí le riachtanais leighis choimpléasacha ag cailliúint amach ar a n-oideachas de bharr easpa aontú idir An Roinn Sláinte agus An Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaobh cé a bhí freagrach as tacaíochtaí altranais a sholáthar do na leanaí seo.

Toradh:

D'aontaigh an FSS agus An Roinn Oideachais go rachaidís i ngleic leis an saincheist le chéile. Bunaíodh grúpa oibre agus fuaireamar a dtuarascáil i 2018. Thug sé achoimre d'ocht moltaí d'fhorbairt scéim nua do sholáthar tacaíochtaí altranais i scoileanna speisialta. Chuireamar fáilte mhór roimh thorthaí na Tuarascála Grúpa Oibre, ach go háirithe na moltaí speiceasacha gur cheart don FSS straitéis nó scéim nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacaíochtaí altranais a sholáthar do leanaí le riachtanais leighis choimpléasacha i scoileanna. Dhearbhaigh an tuarascáil chomh maith gur cheart maoiniú don FSS le haghaidh forbairt agus feidhmiúchán aon scéim dá leithéid a imfhálú.

Tá fhios againn go bhfuil gá le moltaí tábhachtacha dá leithéid a chur i bhfeidhm gan mhoill mar gheall ar an tionchar diúltach ar leanaí. Tá fhios againn chomh maith go gcaithfear tacú leis na moltaí seo le maoiniú leormhaith. Mar sin, leanamar lenár n-idirghabháil leis An Roinn Oideachais agus Scileanna ar an ábhar seo le linn 2018 agus leanfaimid ar aghaidh le seo i 2019 ionas nach gcailleann aon leanbh amach ar a n-oideachas.

Bulaíocht

Cé go bhfuaireamar níos lú gearán faoi scoileanna i 2018, tá an tslí a théitear i ngleic le bulaíocht fós ina shaincheist chomónta do thuismitheoirí, daoine óga agus scoileanna. Tá beartas frithbhulaíochta riachtanach i ngach scoil ach fuaireamar amach cé go leanann scoileanna a mbeartais, níl sé éifeachtach i gcónaí chun stop a chur le bulaíocht agus go minic roghnaíonn tuismitheoirí chun a bpáiste a bhogadh ón scoil nó iarrann na páistí iad féin bogadh. Fuaireamar amach go bhfuil na gearáin seo ina gcúis imní mhór do thuismitheoirí agus leanaí. Nuair a dhéanaimid teagmháil le scoileanna faoi na gearáin seo, faighimid amach go minic go bhfuil siad tar éis a mbeartais a leanúint ach d'fhéadfadh sé tarlú go raibh sé ródhéanach agus go raibh an t-iompar bulaíochta seanbhunaithe nó go simplí nach raibh na beartais éifeachtach.

2.2 Itsyourright.ie

Is é *It's Your Right* (www.itsyourright.ie) ardán tiomanta ar líne de chuid an OCO chun eolas a scaipeadh maidir le cearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn. Cé go bhfuil *It's Your Right* ina fhoinsé eolais do pháistí níos sine agus do dhéagóirí le roinnt bliain anuas, le linn 2018 d'oibríomar chun athdhearadh a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus chun ábhair a fhorbairt do leanaí níos óige.

Chun eolas a bhailiú don obair seo, thugamar grúpa duine óg a bhí páirteach i dtionscnaimh OCO roimhe seo agus roinnt duine óg a bhí ag obair le Webwise, an t-Ionad Feasachta Sábháilteacht Ar Líne in Éirinn. Ag obair trí roinnt gníomhaíochtaí, d'inis na daoine óga dúinn cad a thaitin leo faoi *It's Your Right* agus cad a d'fhéadfaimis feabhsú, na buntáistí agus míbhuntáistí maidir le suíomhanna gréasáin eile agus roinnt cluichí ar líne dírithe ar leanaí. Thug siad measúnúchán ar roinnt smaintí d'oideachas um chearta a mholamar agus, ar deireadh, ar chonas a d'fhéadfaimis eolas a scaipeadh faoi *It's Your Right*.

Ag tógáil tuairimí na ndaoine óga san áireamh, thosnaíomar an próiseas athstruchtúraithe agus athdheartha ar an suíomh gréasáin chun freastal ar riachtanais leanaí d'aoiseanna éagsúla agus chun cluiche oideachasúil a fhorbairt ar líne dar ainm 'Rights Runner'. Tá an cluiche idirghníomhach seo dírithe ar dtúis ar dhaoine óga idir 8 go 12 bliain d'aois, ach beimid ag breithniú ar leagan a fhorbairt do leanaí óga, chomh maith le gníomhaíocht fhoghlama idirghníomhach do leanaí níos sine.

Láinséalfar an suíomh gréasáin athchóirithe i 2019 agus leanfaimid ar aghaidh á fhorbairt agus á nuashonrú.

2.3 Ceardlanna Oideachais um Chearta do leanaí agus daoine óga

Le linn 2018, leanamar ag soláthar ceardlanna oideachais um chearta leanaí do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thug cuairt ar ár n-oifig lena scoileanna agus seirbhísí óige.

Thug os cionn 1,100 leanbh agus duine óg ó 52 bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus seirbhísí óige i 13 contae cuairt orainn i 2018. D'fhoghlaim siad faoina gcearta, an UNCRC agus ár n-obair trí chainteanna agus gníomhaíochtaí. D'fhiosraigh siad saincheisteanna bainteach le cearta leanaí in Éirinn agus a n-eispéiris maidir lena gcearta ó lá go lá. Mar is gnáth, sholáthraigh na ceardlanna seo slí luachmhar dúinn ní hamháin chun eolas a thabhairt do leanaí agus daoine óga maidir lena gcearta, ach chun cloisint uatha chomh maith faoi shaincheisteanna a bhfuil suim acu ann agus faoina bhfuil siad imníoch.

2.4 Clár 3ú Leibhéal


Maraon lenár gclár cuairteanna scoile, leanamar ag soláthar léachtaí agus seimineáir do mhic léinn triú leibhéal ata ag déanamh cúrsaí bunchéime agus iarchéirne bainteach le leanaí, lena n-áirítear oideachas, cúram luathbhlianta, agus oideachas agus obair shóisialta. Is í an aidhm atá ag na léachtaí agus seimineáir seo ná chun eolas a thabhairt do mhic léinn faoin UNCRC agus cearta leanaí in Éirinn, chun aird a tharraingt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu siúd ar a n-obair le leanaí agus an tslí inar féidir leo cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint ina ngairmeacha beatha sa todhchaí. I 2018, chuireamar na léachtaí agus ceardlanna seo ar fáil d'os cionn 300 mac léinn triú leibhéal ag freastal ar 12 institiúid.

2.5 Ceardlanna Feasachta Cearta le Páistí Ag Maireachtáil i Soláthar Díreach

Chun cur le hobair ár bhFoireann Ghearáin agus Fiosrúcháin maidir le heolas a scaipeadh i leith OCO, lean an Fhoireann Rannpháirtíochta agus Oideachais um Chearta ag cur ceardlanna feasachta cearta ar bun le leanaí ag maireachtáil in iostas Soláthar Díreach le linn 2018.

Le cúnamh na Gníomhaireachta Fáiltithe agus Imeachth (RIA) agus bainisteoirí ionaid, eagraíodh cuairteanna go 12 ionad iostais. Ba iad na hionaid seo: Cnoc an Lisín i gContae an Chláir; an Montague i gContae Laoise; Cloighthigh Chluain Dolcáin i mBaile Átha


Cliath; Lóiste Chloich na Coillte i gCorcaigh; Teach Ashbourne i gContae Chorcaí, Teach Bridgewater i gContae Thiobraid Árann, Teach Choill na Beithe i gContae Phort Láirge; Sráid an Mhuilinn i gContae Chorcaí; Eyrepowell i gContae Chill Dara; Sráidbhaile Carrol i gContae Lú, Halla Haiste i gCathair Bhaile Átha Cliath; agus Baile Seiscinn i gContae Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail iomlán de 189 páiste ó 4 go 17 bliain d'aois ar 32 ceardlanna. Anuas ar sin, d'fhreastail 70 tuismitheoirí ar na ceardlanna seo chomh maith lena leanaí nó chas siad leis an bhFoireann Rannpháirtíochta agus Oideachais um Chearta.





3


Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint



Sa roinn seo, scrúdaimid an obair atá déanta ag Oifig an Ombudsman do Leanaí sa réimse Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint thar gach feidhm na hOifige; Gearáin agus Fiosrúcháin, Beartas, agus Oideachas um Chearta agus Rannpháirtíocht.

Tábla 2: Briseadh síos na ngearán bainteach le Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint

Bhain 24% de na gearáin a bhfuarthas i 2018 le tacaíocht teaghlaigh, cúram agus cosaint. Bhain formhór na ngearán le seirbhísí cosanta leanaí agus leanaí i gcúram an stáit ach fuaireamar gearáin chomh maith faoi chonas a thuairiscigh eagraíochtaí poiblí cúiseanna imní i leith cosaint leanaí.



3.1 Cás Staidéir

Níor cuireadh Jenny ar an eolas faoi athruithe maidir lena plean iarchúraim

An gearán:

Rinne Jenny teagmháil linn go díreach nuair a bhí sí 18 mbliain d'aois mar go raibh sí míshásta gur athraíodh a plean iarchúraim gan chomhairliúchán agus go mbogfaí amach as a socrúchán cúram altrama tar éis di an Ardteist a chríochnú i Meitheamh 2017. Dúradh léi roimhe sin go mbeadh sí ag fanacht ina socrúchán cúram altrama go dtí go raibh an coláiste críochnaithe aici. Dúirt sí linn gur chuir sé seo isteach go mór uirithi agus ar a hullmhúcháin don Ardteist.

Gníomh an OCO:

Scríobhamar don eagraíocht phoiblí agus chas siad le Jenny.

An toradh:

D'aontaigh an eagraíocht phoiblí go bhféadfadh Jenny fanacht ina socrúchán cúram altrama go dtí go bhfuair sí tairiscint do shocrúchán coláiste agus go n-oibreodís go dlúithe léi chun iostas nua coláiste a aimsiú. D'aontaigh siad chomh math cumarsáid níos dlúth a dhéanamh léi faoina pleananna don todhchaí. Cé gur ghlac Jenny leis an bplean eile seo, bhí sí fós míshásta gur athraíodh a plean gan chomhairliúchán agus gur chuir sé seo strus neamhriachtanach uirthi ag am dá saoil a bhí deacair cheana féin.

3.2 Cás Molly

In Eanáir 2018, d'fhoilsíomar tuarascáil faoinár bhfiosrúchán ar chás Molly. Rugadh Molly le siondróm Down agus uathachas trom, agus thréig a tuismitheoirí fola í nuair a rugadh í. D'fhás sí aníos lena teaghlach altrama nuair a cuireadh faoina cúram í mar leanbh. Rinne cúramóir altrama Molly gearán linn faoin leibhéal tacaíochtaí agus seirbhísí soláthartha ag Tusla

agus an FSS chun freastal ar riachtanais Molly agus tacaíocht a thabhairt dá socrúchán.

Fuaireamar amach go raibh easpa comhordaithe idir an dá ghníomhaireacht agus mar sin bhí na seirbhísí agus tacaíochtaí soláthartha ag an dá eagraíocht neamhleor.

Mar thoradh ar ár bhfiosrúchán, rinne an FSS agus Tusla líon tiomantas suntasach agus uailmhianach. Dá gcuirfí i bhfeidhm iad, chuirfeadh na tiomantais seo feabhas ollmhór ar chaighdeán maireachtála Molly, agus bheadh tionchar dearfach acu chomh maith ar na leanaí eile faoi mhíchumas i gcúram an Stáit a bhí gan aitheantas go dtí ár dtuarascáil.

Ó fhoilsiú Cás Molly i 2018, táimid i dteagmháil le Tusla agus an FSS. Lorgaíomar nuashonruithe ráithiúla ar an dul chun cinn atá déanta i leith comhlíonadh na dtiomantas a rinneadh mar fhreagra ar ár moltaí. Foilseofar nuashonrú ar Chás Molly i 2019.

3.3 Athbhreithniú ar An tAcht um Chúram Leanaí 1991

I 2017, chuir An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) tús le próiseas dhá bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Chúram Leanaí 1991 (Acht 1991). Is iad aidhmeanna an athbhreithnithe seo ná: chun cad atá ag obair go maith laistigh den reachtaíocht a aithint; chun dul i ngleic le haon bhearnaí aitheanta agus réimsí nua le forbairt; chun forbairtí reachtaíochta, beartaí agus cleachtais reatha a chur san áireamh; agus, tógáil ar na céimeanna seo, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht bhunaidh.

Tar éis rannpháirtíocht le pearsanra an DCYA agus páirt a ghlacadh i nDíospóireacht Beartaí Oscailte faoin athbhreithniú i 2017, d'oibríomar i dtús 2018 chun aighneacht a ullmhú le haghaidh breithniú ag an DCYA. Dhíriomar ar athruithe reachtaíochta don Acht a bhraithimid atá riachtanach chun aitheantas, cosaint agus comhlíonadh cearta leanaí bainteach leis an reachtaíocht seo a threisiú. Agus na hathruithe molta seo á aithint againn, thugamar san áireamh caighdeáin idirnáisiúnta bainteach le cearta leanaí, a áiríonn an UNCRC, chomh maith le cúiseanna imní a thugamar aird orthu tríd ár scrúdú agus fiosrúchán ar ghearáin.

Mholamar gur cheart go gcuirfeadh an reachtaíocht athbhreithnithe iachall ar gach eagraíocht ábhartha faoin Acht 1991 aitheantas a thabhairt do leanaí mar dhaoine a bhfuil cearta acu agus go soláthróidís forálacha le go léireofar meas do chearta leanaí agus go mbeidís cosanta agus comhlíonta. Mholamar chomh maith go ndéanfaí foráil oiriúnach chun prionsabail maidir le cearta leanaí a phríomhshruthú mar oibleagáidí dearfacha laistigh de agus thar gach cuid den Acht.

Príomhchéim isea prionsabail dá leithéid a dhaingniú mar oibleagáidí dearfacha de réir mar is cuí i reachtaíocht i dtreo cinntiú go gcomhlíonann an Stát a dualgas chun cearta gach linbh a shásamh. Solathraíonn sé seo creatlach soiléir chomh maith chun tacú le cur chuige leanbh-lárnach maidir le cinnteoireacht agus seirbhísí a sheacadadh do pháistí atá i ngátair. Mholamar gur cheart don DCYA sonraí náisiúnta a bhailiú agus a scaipeadh bainteach le tréithe, eispéiris, agus torthaí i gcás leanaí a bhíonn teagmháil acu le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus an córas cúraim.

Inár n-aighneacht, chuamar i ngleic le cúiseanna imní atá againn maidir le cúram deonach, socrúcháin oiriúnacha, rochtain go teaghlach, iniúchadh ionaid chónaithe dheonacha agus rochtain go seirbhísí tacaíochta agus iarchúraim. Mholamar chomh maith bunú Coiste Comhaireach Acht um Chúram do Leanaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta athbhreithnithe.

Tá ár n-aighneacht don DCYA le fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.oco.ie/library/review-of-the-child-care-act-1991/.


3.4 Teagmháil le Rapóirtéir Speisialta na NA ar dhíol agus teacht i dtír gnéasach a dhéanamh ar leanaí

I mBealtaine 2018, chasamar le Ms Maud de Boer-Buquicchio, Rapóirtéir Speisialta na NA ar dhíol agus teacht i dtír gnéasach a dhéanamh ar leanaí nuair a thug sí cuairt ar Éirinn chun níos mó eolais a fháil amach faoi agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha bainteach le leanaí.

Thapaíomar an deis chun cúiseanna imní atá againn a aibhsiú lena n-áirítear:

- Forbairtí i reachtaíocht bainteach le cosaint leanaí, íospartaigh foréigin ar leanaí, cionta gnéis in aghaidh páistí, agus foréigean teaghlaigh
- Moilleanna leanúnacha in Éirinn chun an Dara Prótacal Roghnach don UNCRC a dhaingniú ar dhíol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí agus Coinbhinsiún na hEorpa ar Chosaint Leanaí I gcoinne Teachta i dtír Gnéasach agus Mí-Úsáid Gnéasach
- Smaoineamh maidir le straitéis náisiúnta tiomnaithe a chur in ionad chun gach cineál foiréigin, lena n-áirítear foréigean gnéasach in aghaidh leanaí a shárú
- An easpa seirbhís náisiúnta, comhorduithe, teiripeach do leanaí atá ina n-íospartaigh ar mhí-úsáid gnéasach
- Sábháilteacht ar líne do leanaí agus réimsí forbartha ionchasacha
- Easnaimh i mbailiúchán sonraí do leanaí in Éirinn atá ina n-íospartaigh ar theacht i dtír gnéasach nó atá i mbaol ó theacht i dtír gnéasach
- Cigireacht molta agus meicníochtaí monatóireachta d'ionaid Soláthar Díreach, chomh maith le hionaid chúram phríobháideacha agus dheonacha.


Fáiltímid roimh breithniúcháin an Rapóirtéara Speisialta tar éis a cuairte ar Éirinn, lena n-áirítear a glaonna le haghaidh straitéis náisiúnta chun leanaí a chosaint ó fhoréigean gnéasach; comhoibriú méadaitheach idir ghníomhaireachtaí bainteach le cosaint leanaí; agus feabhsúcháin san infhaighteacht cúram speisialaithe do leanaí atá ina n-íospartaigh agus leanaí atá i mbaol.



Sa roinn seo, scrúdaimid an obair atá déanta ag Oifig an Ombudsman do Leanaí i réimse na Sláinte thar gach feidhm na hOifige; Gearáin agus Fiosrúcháin, Beartas, agus Oideachas um Chearta agus Rannpháirtíocht.

Tábla 3: Briseadh síos de ghearáin faoi Shláinte

Mhéadaigh líon na ngearán bainteach le seirbhísí sláinte a fuair an OCO ó 14% i 2017 go 16% i 2018. Cúis fhéideartha amháin le seo ná méadú i ngearáin bainteach le leanaí faoi mhíchumas a bhfuil orthu moilleanna fada a shárú maidir le Measúnúchán Riachtanais a fháil¹. Fiú i gcás leanaí a fhaigheann measúnúchán, bíonn moilleanna fada le sárú ansan acu maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí atá molta dóibh. Thugamar faoi ndeara chomh maith méadú i ngearáin faoi liostaí feithimh fada nó gan bhogadh do mhórán seirbhís. Ba iad na trí chúis inni ba mhó a gearánadh faoi ná seirbhísí sláinte cúram pobail, ospidéal agus seirbhísí meabhairshláinte.



¹ Fórlann an tAcht um Míchumas 2005 measúnúchán riachtanais do leanbh a d'fhéadfadh a bheith faoi.

4.1 Cás-staidéir

Fuair Amy diagnóis d'uathachas ach níorbh fhéidir léi rochtain a fháil ar sheirbhísí

An Gearán:

Bhí Amy sé bhliain d'aois nuair a fuair sí diagnóis d'uathachas tar éis a measúnúcháin riachtanais. Bhí gá ag Amy le seirbhísí luath-idirghabhála oiriúnacha, agus cuireadh ar aghaidh í go dtí an Fhoireann Mhíchumais Aois Scoile Áitiúil de chuid an FSS agus seirbhís uathachais maoinithe ag an FSS ach diúltaíodh di sa dá chás. Dúradh le tuismitheoirí Amy nar chomhlíon sí an critéir do cheachtar seirbhís. De bharr seo, ní raibh aon seirbhísí ag Amy ar feadh cúpla mí, rud a chur isteach ar a dul chun cinn forbarthach. Ní raibh fhios acu ach an oiread cathain a bhfaigheadh sí seirbhís.

Gníomh an OCO:

Scríobhamar don FSS ag fiafraí canathacobh nach raibh Amy ag fáil seirbhíse ó cheachtar den dá fhoireann cé go ndearna Oifigeach Measúnúcháin ón FSS measúnúchán uirthi agus leagadar amach an cineál seirbhíse a bhí riachtanach di. Bhíomar imníoch go raibh Amy imeallaithe ón dá sheirbhís agus nach raibh a tuismitheoirí in ann cúrsaí a réiteach.

An toradh:

Tar éis ár dteagmhála leo, rinne an FSS idirghabháil leis na foirne ábhartha agus glacadh le Amy i gceann de na seirbhísí. D'admháil an FSS go raibh baol ann go bhféadfaí roinnt leanaí a imeallú ó sheirbhísí mar go bhfuil an critéir measúnúcháin do na seirbhísí seo bunaithe ar dhiagnóis agus léirmhíniú cliniciúil de mheasúnúcháin dhiagnóiseacha.

Dúirt an FSS linn go bhfuil sé mar thús áite reatha acu rolladh amach 'Seirbhísí Míchumais a Chur Chun Cinn do Leanaí' a chinntiú. Beidh athrú i gceist le seo ó sholáthar seirbhíse bunaithe ar dhiagnóis go soláthar seirbhíse bunaithe ar riachtanas.

Táimid fós fíorimníoch faoin tionchar ar mhoilleanna do leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar mheasúnúchán riachtanas agus rochtain a fháil ar na seirbhísí a bhfuil gá acu leo ina dhiadh sin.

Gan aon tacaíocht teaghlaigh do Daniel

An Gearán:

Bhí Daniel, buachaill 17 mbliana d'aois le míchumais fhisiciúla agus intleactúla suntasacha, ina chónaí sa bhaile le tacaíocht ó chúramóirí FSS. Ansin bhí ar Daniel máinliacht thromchúiseach a bheith aige agus chun a chinntiú go gcomhlíonfadh a tuismitheoirí a riachtanais leighis nua sa bhaile, shoiléirigh siad go mbeadh gá ag Daniel le tacaíochtaí altranais baile. Dhiúltaigh an FSS mar chreid siad go raibh na huaireanta cúramóra baile reatha leormhaith, d'ainneoin nárbh fhéidir leis na cúramóirí baile cabhrú lena fheadán beathaithe nó cógas. Bhí a tuismitheoirí fíorimníoch toisc nárbh fhéidir freastal ar a riachtanais leis an socrúchán a bhí ann agus bhí imní orthu go mbeadh gá é a chur i gcúram cónaithe gan na tacaíochtaí rithábachtacha seo sa bhaile.

Gníomh an OCO:

Scríobhamar don FSS ag lorg soiléiriú ar dhiúltiú tacaíochtaí teach altranais nuair a bhí riachtanas measúnaithe ann don tacaíocht seo. Chuireamar béim chomh maith ar na himpleachtaí díobhálacha ionchasacha do Daniel agus dá theaghlach muna soláthraíodh na tacaíochtaí seo agus d'fhiafraíomar dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a chás.

An toradh:

D'aontaigh an FSS an tacaíocht altranais riachtanach a sholáthar do Daniel. Shocraigh siad chomh maith go mbeadh socrúchán dó i seirbhís mhíchumais lae d'aoisaigh agus sholáthraigh siad iompar riachtanach dó go dtí agus ón mbaile. Sholáthraigh siad an t-eolas seo i scríbhneoireacht don teaghlach ar ár n-éileamh chun deimhniú do thuismitheoirí Daniel go gcuirfí i bhfeidhm é.

Measann an teaghlach go raibh idirghabháil agus maoirseacht an OCO rithábhachtach maidir leis na seirbhísí seo a dhaingniú agus an suaimhneas intinne a thagann leis na pleananna nua.

Cathaoir Rothaí d'Emily

An Gearán:

Bhí Emily 6 bhliain d'aois. Bhí sí faoi mhíchumas fisiciúil agus bhí cathaoir rothaí nua de dhíth uirthi toisc go raibh sí éirithe ró-mhór don cheann a bhí aici go dtí sin. Dúirt a máthair linn go raibh iarracht déanta aici arís agus arís eile an scéal seo a réiteach leis an FSS ach dúradh léi nach raibh an t-airgead ann chun cathaoir rothaí nua a cheannach ón mBuíon Bhunchúraim sa cheantar. Chuaigh máthair Emily i dteagmháil linn mar bhí sí an-bhuartha faoi shábháilteacht Emily sa chathaoir rothaí a bhí aici. Bhí imní uirthi go bhféadfadh Emily titim go héasca nuair a bhí sí sa chathaoir sin agus go bhféadfadh sí í féin a ghortú go dona nó fiú go bhféadfadh an bás a bheith mar thoradh air, de bharr an reachta sláinte a bhí aici.

Gníomh OCO:

Scríobhamar chuig ceantar na FSS agus dúirt siad linn go bhfuil míchothromaíocht as cuimse idir líon na n-iarratas atá ann ar na hearraí seo agus an buiséad atá ar fáil do Chúram Sláinte Phobail maidir le hÁiseanna & Fearais Míochaine neamhchaighdeánacha. Dúirt siad linn go mbuaileann grúpa ildisciplíneach le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas thar ceann leanaí agus aoisigh, agus go ndéantar cinntí bunaithe ar thosaíochtaí ar bhonn cás ar chás. Ba í 132 líon na leanaí a bhí ag feitheamh ar áiseanna míochaine agus máinliacha sa cheantar seo ag deireadh mhí Mheithimh 2018, agus cé go raibh Emily i gcatagóir ardtosaíochta (Ardtosaíocht 1), ní raibh dóthain airgid ann chun an chathaoir rothaí a cheannach di.

Dúirt an FSS linn gurbh amhlaidh an scéal toisc nár leor an buiséad sa cheantar chun freastal ar an éileamh.

An toradh:

Bhí an FSS ábalta maoiniú a aimsiú ó choigealtas in áiteanna eile agus bhíodar ábalta cathaoir rothaí a cheannach d'Emily. Bhíomar buartha faoin mhoill atá ann fearas a bhfuil géarghá leis a cheannach do leanaí faoi mhíchumas fisiciúil. Bhí an tsaincheist seo aithnithe roimhe seo ag an Oifig in 2011 ². Dúradh linn go raibh Clár Náisiúnta Feabhais ar Sheirbhísí um Áiseanna & Fearais de chuid na FSS ag dréachtáil Nós Imeachta um Bhainistiú Buiséad le haghaidh Áiseanna agus Fearas, mar tá éagsúlacht sa chleachtadh ar fud na tíre. D'iarramar ar an FSS buiséid leithleachla d'Aoisigh agus do Leanai a chur san áireamh mar réiteach le haghaidh áiseanna agus fearas de bharr na leochaileachta faoi leith atá ag leanai cosúil le Emily.

Cuireadh Kate i mbarda síciatrach d'aoisigh

An Gearán:

Bhí Kate 15 bhliain d'aois agus toisc go raibh imní ann faoina sláinte mheabhrach agus nach raibh áit a mbeadh oiriúnach di ar fáil, cuireadh i mbarda síciatrach d'aoisigh í. Dúirt a tuismitheoirí linn go raibh siad an-bhuartha fúithi mar scoitheadh amach ó dhaoine eile í go rialta agus bhí an timpeallacht ghinearálta neamhoiriúnach.

Gníomh OCO:

Scríobhamar chuig an FSS agus chuireamar in iúl go rabhamar an-bhuartha faoi cé chomh neamhoiriúnach is a bhí an áit seo do Kate agus d'fhiafraíomar faoi cad a bhí i ndán di amach anseo.

An toradh:

D'fhreagair an FSS gan mhoill agus ar deireadh cuireadh Kate in aonad do dhaoine óga a bhí níos oiriúnaí chun freastal ar a riachtanais. Labhraíonn an OCO amach i gcónaí i gcoinne an nós atá ann daoine óga a chur i saoráidí sláinte mheabhrach d'aoisigh. Níl an cleachtadh seo inghlactha agus ní mór gach iarracht a dhéanamh cosc a chur air.

² <https://www.oco.ie/app/uploads/2011/04/InvestofHSEreappicforpoweredwheelchair.pdf>

4.2 Tóg mo Lámh: Taithí Dhaoine Óga sna Seirbhísí Sláinte Mheabhrach

In 2018 d'fhoilsíomar *Tóg mo Lámh: Taithí Dhaoine Óga sna Seirbhísí Sláinte Mheabhrach*. Bhí an tuarascáil seo bunaithe ar chomhairliúchán a rinneamar in 2017 le daoine óga a bhí ag fáil cúraim agus cóir leighis dá gcuid sláinte meabhrach i gcúig de na sé aonad cónaitheach sláinte meabhrach do leanaí agus do dhaoine óga atá in Éirinn. Ghlac 25 duine óga idir 14 agus 17 mbliana d'aois páirt inár gcomhairliúchán.

Díríonn *Tóg mo Lámh* ar thaithí dhaoine óga, agus ar a gcuid tuairimí maidir le seirbhísí sláinte meabhrach i gcomhthéacs dualgais na hÉireann faoi chaighdeán idirnáisiúnta a bhaineann le cearta leanaí, mar aon le reachtaíocht náisiúnta chuí agus polasaí poiblí.

D'iarramar ar na daoine óga cad a mheas siad a thug cúnamh dóibh, cad a bhí dúshlánach agus cad a n-athróidís faoi na seirbhísí sláinte meabhrach. Mhol na daoine óga athruithe a rachadh i ngleic leis na dúshláin a bhí luaite acu. Bhí siad buartha nach raibh stíl sách leanbhlanach ag cuid de na gairmithe agus nach raibh siad ag déanamh cumarsáide dhíreach leis na daoine óga. Labhair mórán de na daoine óga freisin faoin easpa tuisceana i measc múinteoirí, comhlaireoirí scoile agus a bpiaraí maidir le deacrachtaí sláinte meabhrach. Luaigh siad go raibh easpa beart ar scoil chun tacú leo déileáil leis an imní a mhothaigh siad, lena n-áirítear áiteanna ciúine. Labhair na daoine óga faoi na deacrachtaí a bhí acu rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta go luath ina dtinneas, agus faoi na dúshláin a ghabhann le bheith i bhfad ó bhaile agus iad ina n-othair chónaithe ag fáil cúraim agus córa leighis dá sláinte meabhrach.

Inár dtuarascáil, chuireamar ár n-imní in iúl maidir le heasnamh reachtaíochta, polasaí poiblí agus soláthar seirbhíse. D'aithníomar roinnt tosaíochtaí inar chóir gníomhú go tapa, lena n-áirítear:

- Seirbhísí sláinte meabhrach a chuirfidh cur chuige leanbhlanach atá bunaithe ar chearta an duine i bhfeidhm i gcónaí

- Creat tiomnaithe do pholasaí náisiúnta tras-earnála a fhorbairt maidir le sláinte meabhrach leanaí (Vision for Change tionmaithe do leanaí)
- Seirbhísí cuí, lena n-áirítear idirghabháil luath agus seirbhísí coiscitheacha le bheith ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ar fud na tíre
- Seirbhís eolais agus aighneachta maidir le sláinte meabhrach.

Rinneamar *Tóg mo Lámh* a chomhroinnt le páirtithe leasmhara, le gníomhaireachtaí reachtúla, agus le heagraíochtaí sóisialta sibhialta atá ag obair i réimse chearta leanaí agus an tsláinte meabhrach. Cuireadh an tuarascáil freisin faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais ar Chúram Sláinte Mheabhrach sa Todchaí. Tá an cur i láthair agus an tuarascáil féin le fáil ar ár suíomh gréasáin ag: www.oco.ie/library/take-my-hand-young-peoples-experiences-of-mental-health-services/.

4.3 Ag feitheamh ar chóir leighis scolóise: saincheist a bhaineann le cearta leanaí.

In 2017 d'fhoilsíomar *'Ag feitheamh ar chóir leighis scolóise: saincheist a bhaineann le cearta leanaí'*. Tar éis an tuarascáil seo a fhoilsiú, agus tar éis aighneacht uileghabhálach a bheith déanta ag tuismitheoirí agus gairmithe araon, gheall an rialtas go rachaidís i ngleic leis na saincheisteanna córasacha a ba chúis leis na liostaí feithimh.

Tá an OCO ag coimeád súil ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gealltanais atá déanta ag an Aire Sláinte agus ag an FSS, agus in 2018 d'fhoilsíomar nuashonrú ar *'Ag feitheamh ar chóir leighis scolóise: saincheist a bhaineann le cearta leanaí: Cad iad na hathruithe atá tarlaithe le haghaidh leanaí?'* ina rinneamar cur síos ar an dul chun cinn a bhí déanta, inár dtuairim féin, agus cad a bhí fós le déanamh.

Rinne an tuarascáil seo cur síos ar roinnt rudaí a bhfuil feabhas tagtha orthu, cosúil le méadú ar líon na n-obráidí, níos lú leanaí ag feitheamh os cionn 12 mhí ar obráid, méadú ar acmhainn agus tuilleadh acmhainní. É sin ráite, is cúis imní i gcónaí í na liostaí feithimh do leanaí atá

ag feitheamh ar mheasúnú tosaigh scolóise le comhairleach míochaine chun an cur chuige ceart a dheimhniú.

In ainneoin na rudaí dearfacha seo atá tarlaithe, tá sé beartaithe agam leanúint le mo chúram fairtheoireachta ar feadh bliana eile go dtí 2019 chun bheith cinnte go gcuirfí i bhfeidhm na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta 10 phointe 2018/2019 de chuid an Ghrúpa Forfheidhmithe ortaipéidic péidiatrach agus Scolóise, agus go ndéanfaidh siad an beart trí athruithe fadtéarmacha a thabhairt isteach sa chóras ar mhaithe le leanaí.

4.4 Cúram Sláinte ospidéil atá oiriúnach do leanaí

In 2018, d'fhoilsíomar *Joining the Dots*, atá mar thoradh ar chomhthionscnamh maidir le cúram sláinte oiriúnach do leanaí atá ar bun againn le Grúpa Boird na nOspidéal Leanaí agus na trí ospidéal leanaí i mBaile Átha Cliath – Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, Ospidéal Ollsclaíoch Leanaí Sráid Temple, agus an tOspidéal Náisiúnta do Leanaí ag Ospidéal Ollsclaíoch Thamhlachta.

Leis an tuarascáil *Joining the Dots*, bhaineamar úsáid as creat um chearta leanaí chun éisteacht le tuairimí leanaí agus dhaoine óga agus iad a chur san áireamh, chomh maith le tuairimí thuismitheoirí/chaomhnóirí, na foirne agus na bainistíochta sna trí ospidéal leanaí.

Iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a chur in iúl ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta faoin gCoinbhinsiún NA um Chearta an Linbh (UNCRC) lena n-áirítear an ceart go n-éisteofar le leanaí, cearta maidir le heolas, le príobháideachas, lena scíth a ligean agus ceart chun eolais, chun príobháideachta, chun sos a thógáil agus chun imeartha, chun dea-chothaithe, agus an ceart bheith sábháilte agus saor ó dhochar.

Ghlac os cionn 2,530 duine, 1,000 leanbh agus duine óg san áireamh, agus sheolamar na torthaí in éineacht le Bord Ghrúpa na nOspidéal Leanaí agus na trí ospidéal leanaí i Meitheamh 2018.

Cé gur dhírigh na torthaí ar réimse leathan dea-chleachtas ó thaobh na foirne agus na bainistíochta de sna trí ospidéal leanaí, dhírigh siad freisin ar réimsí a d'fhéadfadh feabhas a

chur orthu, lena n-áirítear eolas a sholáthar maidir le cearta leanaí mar othair, dóthain príobháideachais a thabhairt dóibh nuair atá siad á scrúdú ag an bhfoireann mhíochaine, agus deiseanna imeartha agus fóillíochta a thairiscint do leanaí agus do dhaoine óga d'aoiseanna difriúla, i dtimpeallachtaí difriúla laistigh d'ospidéal.

Is cúis áthais dúinn í go bhfuil sé beartaithe ag an CHGB agus ag na trí ospidéal leanaí oibriú leis na torthaí chun pleanáil don ospidéal leanaí nua a dhéanamh maidir le forbairt agus seachadadh seirbhísí. Cuirfidh na trí ospidéal san áireamh freisin na torthaí a bhaineann go háirithe lena ospidéal féin chun feabhsuithe a aithint i seirbhísí a mbeadh gá leo agus a d'fhéadfaí a bhaint amach.

Tá sé ráite ag an CHGB go bhféachfaidh sé ar conas is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcur chuige agus ar na hábhair a úsáideadh in *Joining the Dots* chun an próiseas comhairliúcháin seo a phríomhshruthú ina chuid oibre a bhaineann le dearbhú cáilíochta amach anseo.

Ó thaobh an OCO de, is rud suntasach é go bhfuil an Grúpa Ospidéil Leanaí tiomanta do chomhoibriú leis an FSS chun staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir le *Joining the Dots* a rolladh amach sna seirbhísí géarchúram sláinte péidiatrach taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá achoimre de thorthaí *Joining the Dots* mar aon le tuarascáil iomlán ar an tionscnamh le fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.oco.ie/library/joining-the-dots-connecting-voices-for-child-friendly-healthcare-in-hospital/.





Sa mhír seo déanfaimid scrúdú ar an obair atá déanta ag an Ombudsman do Leanaí i réimse an cheartais i ngach feidhm den Oifig; Gearáin agus imscrúduithe, Polasaí, agus Oideachas um Chearta agus Rannpháirteachas.

5.1 For-Rochtain OCO ag Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh

In 2016, sheolamar agus thosaíomar ag pleanáil dár gclár for-rochtana ag Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh. An aidhm shimplí a bhí againn ná feidhm imscrúdaithe agus gearáin neamhspleách a chur ar fáil agus go mbeadh sí chomh infheicthe agus is féidir don ghrúpa leochaileach leanaí seo.

Tá an clár for-rochtana sin seanbhunaithe anois agus is cuid lárnach é den obair a dhéanann ár bhfoireann um Ghearáin agus um Imscrúduithe. Tugaimid cuairt ar an gcampas ar a laghad uair sa mhí chun labhairt le daoine óga go díreach agus go príobháideach chun éisteacht lena gcúiseanna imní. Is í ár n-aidhm ná an tionchar atá againn a úsáid chun fadhbanna a réiteach go tráthúil nuair a chuireann na leanaí in iúl dúinn iad.

An Fhor-Rochtain faoi lán seoil

Tugaimid cuairt ar an gcampas uair sa mhí ar lá atá leagtha síos. Is féidir linn cuairt a thabhairt ar an gCampas agus ar na leanaí taobh amuigh den sceideal seo agus déanaimid é seo nuair is gá. I measc ár bpróisis áirítear na rudaí seo a leanas:

- Bileoga agus póstaí shaincheaptha a phriontáil chun leanaí a chur ar an eolas maidir lenár ról. Insítear dóibh faoin obair a dhéanaimid mar chuid dá bpróiseas ionduchtaithe.
- Roimh gach cuairt, iarraimid ar na bainisteoirí póstaí a chur suas le go mbeidh a fhios ag na leanaí cén uair a bheimid sa champas agus iad a spreagadh agus tacú leo bualadh linn
- Is féidir le leanaí teagmháil phearsanta a dhéanamh linn
- Tugaimid cuairt ar an lá atá leagtha síos agus bíonn cruinniú príobháideach againn leis na leanaí. Éistimid lena

gcúiseanna imní agus thar aon rud eile, dirímid ar conas is féidir linn cabhrú leo

- I ndiaidh an chruinnithe, téimid i dteagmháil go díreach le baill foirne agus leis an mbainistíocht maidir le saincheisteanna ar féidir iad a réiteach gan mhoill
- Coimeádaimid na leanaí ar an eolas tríd an bpróiseas ar fad

Chun ár gclár for-rochtana a dhaingniú sa champas, in 2018 rinneamar cur i láthair don fhoireann mhúinteoireachta sna scoileanna i mBaile an Oibricigh ag tús an téarma scoile agus mar chuid de chlár ionduchtaithe don fhoireann mhúinteoireachta nua

Tá an clár leabaithe go hiomlán i gCampas Bhaile an Oibricigh anois agus tá áthas orainn a chur in iúl go dtéann daoine óga i dteagmháil go dearfach linn agus go mbraitheann siad gur ról fóinteach an ról atá againn. Mothaimid go bhfuil tuiscint mhaith againn ar cad atá ag tarlú ina saoil agus go minic, don duine óg atá faoi choinneáil, d'fhéadfadh tábhacht as cuimse a bheith ag gabháil le rud a bhfuil an chuma air nach bhfuil ann ach rud beag gan tábhacht.

In 2018, bhuaileamar le beagnach 40 duine óg. Den chuid is mó ba ar bhonn neamhfhoirmiúil a thacaíomar le fadhbanna a réiteach, agus i gcásanna áirithe, rinneamar scrúdú níos doimhne ar na cúiseanna imní a léiríodh.

Ár dtaithí for-rochtana a roinnt go hidirnáisiúnta

Mar chuid den obair atá ar bun againn an clár for-rochtana a chur chun tosaigh, agus ár dtaithí a roinnt le comhghleacaithe intíre agus idirnáisiúnta, rinne baill den fhoireann Imscrúdaithe agus Gearán cur i láthair ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Cosaint do Leanaí sa Bheilg. Ag an gcomhdháil a reáchtáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, rinneamar ár seasamh a chomhroinnt maidir le cúiseanna imní a bhíonn ag ógánaigh faoi choinneáil. Ba luachmhar na barúlacha agus an taithí a roinneadh idir gníomhaireachtaí Eorpacha agus ENR ag obair sa chóras dlí agus cirt d'ógánaigh.

5.2 Tuairimí maidir le cur i bhfeidhm OPCAT

Is conradh idirnáisiúnta um chearta an duine é an Prótacal Roghnach don Choinbhinsiún NA i gcoinne an Chéasta a thacaíonn le Stáit cosc a chur ar an gcéasadh agus ar phionóis eile atá cruálach. De réir OPCAT ní mór córas comhcheangailte náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith i bhfeidhm chun iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh ar áiteanna coinneála.

Tar éis teagmháil roimhe seo idir an OCO agus an Roinn Cirt agus Comhionannais, d'iarr an Roinn orainn ár dtuairimí a chur in iúl maidir le taighde a d'fhoilsigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) in 2017 maidir le OPCAT a chur i bhfeidhm, agus go háirithe, ár dtuairimí maidir le Meicníocht Choisctheach Náisiúnta (NPM) atá beartaithe le haghaidh OPCAT. Inár bhfreagra, d'aibhsíomar go n-áirítear i measc áiteanna coinneála, Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh, Stáisiún an Gharda Síochána agus aonaid chúraim speisialta.


Cé gur tugadh gealltanais in 2011 go gcuirfí reachtaíocht i bhfeidhm sa tír seo chun daingniú OPCAT a éascú, níor foilsíodh an Bille um Imscrúdú ar Áiteanna Coinneála go fóill.

Cé go n-aithnímid an t-eolas agus agus an saineolas atá sna comhlachtaí imscrúdaithe atá ann cheana féin agus an baol go bhféadfadh dúbláil gan ghá a bheith ann dá mbunófaí comhlacht nua, táimid buartha go bhféadfadh deighilt idir na comhlachtaí éagsúla a bheith mar thoradh ar chur chuige earnála agus go mbeadh scoilteadh ann dá bharr. Táimid buartha freisin go bhféadfadh an cur chuige atá faoi chaibidil faoi láthair díriú isteach an iomarca ar an imscrúdú agus neamhaird a thabhairt ar an ról coisctheach a d'fhéadfadh na Meicníochtaí Coisctheacha Náisiúnta a imirt. Maidir le leanaí agus ógánaigh faoi bhun 18, ní léir cad iad na timpeallachtaí a chuirfear san áireamh chun críche monatóireachta agus imscrúdaithe, go háirithe san earnáil cirt.

Creidimid go bhfuil sé rithábhachtach go mbeidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag gach comhlacht a d'fhéadfadh imscrúdú OPCAT a dhéanamh ar áiteanna ina bhfuil leanaí agus ógánaigh faoi choinneáil, agus go mbeidh an cur chuige atá in úsáid acu leanbháil agus de réir caighdeán chearta leanaí.

Ba mhaith linn go bhfoilseofaí na cinn den Bhille um Imscrúdú ar Áiteanna Coinneála gan tuilleadh mhoille. Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhforáilfear sa reachtaíocht atá beartaithe do chóras monatóireachta agus imscrúdaithe neamhspleách, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an baol ann go gcaithfí níos mease le leanaí agus le hógánaigh in áiteanna coinneála.





Sa mhír seo dírimid isteach ar an obair atá déanta ag Oifig an Ombudsman do Leanaí i réimse na tithíochta thar gach feidhm den Oifig; Gearáin agus imscrúduithe, Polasaí, agus Oideachas um Chearta agus Rannpháirteachas.

Tábla 4: Miondealú ar ghearáin thithíochta

Rochtain ar thithíocht chuí	75%
Cóiríocht do Thaistealaithe	5%
Oiriúnacht chomharsanachta / dul i ngleic le hionpraíocht fhrithshóisialta	9%
Cinntí pleanála/próiseis	11%

In 2018, ba mar gheall ar thithíocht a bhí 5% de na gearáin a fuaramar. Is laghdú beag é seo ó 6% anuraidh. An príomhghearán a luadh ná easpa rochtana ar thithíocht oiriúnach, lena n-áirítear leithdháileadh tithíochta ó údaráis áitiúla, tithíocht oiriúnach do leanaí faoi mhíchumas, cóiríocht éigeandála dóibh siúd gan dídean, leithdháileadh de bharr tosaíochtaí mhíochaine agus cúrsaí aistrithe ginearálta. Is fiú a rá go mbíonn fadhbanna tithíochta ann a thagann chun cinn i réimsí eile gearán, m. sh. Rochtain ar oideachas do leanaí ina gcónaí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean.

6.1 Cás-Staidéir

Teach oiriúnach do Cathy

An gearán:

Ba chailín 4 bliana d'aois Cathy a bhí faoi mhíchumas tromchúiseach intleachtúil agus fisiciúil, chomh maith le riachtanais mhíochaine chasta. Úsáideann sí cathaoir rothaí ar bhonn lántéarmach agus tá gá aici le an-chuid tacaíochta agus trealamh chun freastal ar na riachtanais atá aici agus chun taú le caighdeán beatha maith a thabhairt di. Bhí Cathy ina cónaí lena clann in árasán dhá sheomra codlata nach raibh oiriúnach ar chor ar bith dá cuid riachtanais. Bhí ar a tuismitheoirí diúltú do chuid den trealamh a bhí gá aice leis toisc nach raibh dóthain spáis sa bhaile agus bheadh sé dáinséarach.

Bhí ar Cathy dul suas dhá réim staighre chun dul isteach san árasán, ina seomra codlata agus sa seomra folctha. Ós rud é gur úsáideoir chathaoir rothaí í, bhí ar a tuismitheoirí í a iompar suas staighre gach lá. Bhí Cathy agus a clann ag feitheamh ar feadh ceithre bliana chun aistriú go dtí teach níos oiriúnaí. Dúirt na tuismitheoirí freisin go raibh deacrachtaí ann eolas a fháil ón údarás áitiúil agus nach raibh aon tuairim acu cathain an bhfaighidís cóiríocht oiriúnach.

Gníomh OCO:

Chuaromar i dteagmháil leis an údarás áitiúil chun stádas an teaghlach seo dheimhniú ar an liosta feithimh tithíochta agus ar cuireadh san áireamh mar is cóir riachtanais mhíochaine Cathy mar chuid dá n-iarratas ar thithíocht shóisialta. Dúirt an t-údarás áitiúil linn gur tugadh an tosaíocht mhíochaine cheart don chlann ach go raibh gantannas tithíochta ann chun freastal ar a riachtanais. D'iarramar cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun an scéal a réiteach mar bhí obráid thromchúiseach sceidealaithe do Cathy agus bheadh sí ar éagumas coirp níos measa. Rinne an t-údarás áitiúil teagmháil dhíreach leis an gclann agus comhaontaíodh go leathnófaí amach an rogha ar shuíomhanna chun go mbainfí triail as gach féidearthacht chun teach a aimsiú a chuirfeadh ar a gcumas aire a thabhairt do Cathy.

An Toradh:

Ós rud é go raibh rogha níos leithne de thithe ar fáil anois, fuair an t-údarás áitiúil teach don teaghlach a bhí oiriúnach chun cuidiú leo aire a thabhairt do Cathy. Ba mhór an faoiseamh dóibh é tar éis a bheith ag feitheamh ar feadh roinnt mhaith blianta.

6.2 Comhairliúchán le Leanaí ina gcónaí i Mol do dhaoine gan dídean

Le tamall anuas, is cúis imní don OCO an chóiríocht éigeandála ina bhfuil leanaí gan dídean. De réir *Thuarascáil um Easpa Dídine Eanáir 2019*³, de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúla, bhí 1,614 teaghlach ag fulaingt easpa dídine. Sna teaghlaigh seo bhí 3,624 leanbh a bhí ag fulaingt easpa dídine lena dtuismitheoirí.

In 2017, d'fhógair an Rialtas go raibh pleananna aige Moil Theaghlaigh, mar a dtugtar orthu, a thabhairt isteach chun go mbeadh laghdú ann in úsáid mhíchúí ostáin agus B&B don líon atá ag dul i méid de theaghlaigh atá ag fulaingt easpa dídine.

Go luath in 2018, thug baill foirne OCO, an tOmbudsman do Leanaí ina measc, cuairt ar roinnt Mhoil Theaghlaigh i mBaile Átha Cliath agus taobh amuigh de. I ndiaidh na gcúirteanna seo, bheartaíomar dul i mbun comhairliúcháin le leanaí atá ina gcónaí sna Moil chun éisteacht lena dtuairimí:

- Cad atá go maith faoi bheith ina gcónaí i Mol Teaghlaigh;
- Cad a bhí dúshlánach faoi bheith ina gcónaí ann; agus
- Cad ba mhaith leo a athrú faoi na Moil.

Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2018 bhuaileamar le 37 leanbh a bhí ina gcónaí in ocht Mhol Teaghlaigh chun a dtuairimí a chloisteáil. Bhí na Moil Theaghlaigh suite i mBaile Átha Cliath agus bruachbhailte thart timpeall, i gCathair Chorcaí agus i gCathair Luimnigh. Bhí ocht gcinn déag de na leanaí idir cúig agus naoi mbliana d'aois, bhí seachtar díobh idir 10 agus 12, bhí 12 idir 13 agus 17 mbliana d'aois. Chun eolas a bhailiú maidir leis an saol sna Moil Theaghlaigh agus conas atá sé do leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois, bhuaileamar le 33 tuismitheoir de 43 leanbh san aois ghrúpa seo. Bhí na leanaí seo idir sé mhí agus ceithre bliana d'aois, agus iarradh ar na tuismitheoirí smaoineamh ar na saincheistanna ó thaobh an linbh de.

In 2019 foilsóidh Oifig an Ombudsman do Leanaí *Níl aon Tinteán mar do Thinteán féin; tuairimí agus taithí Leanaí de bheith ina gcónaí i Mol Teaghlaigh* a leagfaidh amach tuairimí na leanaí chomh maith le tosaíochtaí OCO chun athruithe a thabhairt i bhfeidhm sa réimse seo.

6.3 Caighdeán Chóiríochta do dhaoine ina gcónaí faoi chosaint an Stáit

I rígh 2018 thug Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann cuireadh don OCO cur leis an nGrúpa Comhairleach maidir le Caighdeán, agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchaighdeán a bhaineann le cóiríocht do dhaoine áta ina gcónaí faoi chosaint an Stáit. Is é an Roinn Cirt agus Comhionannais a chruthaigh an Grúpa Comhairleach maidir le Caighdeán in 2017 tar éis moltaí a rinneadh sa 'Tuarascáil McMahon'⁴.

Tá na dréachtchaighdeán bunaithe ar thagarmharc idirnáisiúnta i leith cearta an duine agus an dlí comhionannais agus d'fháiltíomar roimhe sin. Bhí áthas faoi leith orainn a fheiceáil gur cuireadh isteach cur chun cinn agus cosaint chearta leanaí mar tháscaire faoi Chaighdeán 6.1.

I bhfianaise an taithí atá againn dul i ngleic le daoine áta ina gcónaí laistigh den chóras Soláthar Díreach, molaimid gur chóir go mbeadh caighdeán áirithe ann bunaithe ar ghearáin a bhaineann le sárú cearta agus go mbeadh struchtúir i bhfeidhm chun déileáil leis seo. Ba chóir don chaighdeán seo a thomhas an bhfuil rochtain ag leanaí agus a gclann ar shásamh dáiríre san áit ina bhfuil siad ina gcónaí, chomh maith le rochtain ar chomhlachtaí neamhspleácha cosúil leis an OCO agus na cúirteanna. Ba chóir go dtomhaisfeadh an caighdeán freisin an méid a gcomhlíonann na struchtúir gearáin sin prionsabail bunaithe ar chearta. Bheadh ár dTreoir *Conas Déileáil le Gearáin Leanbhlárnacha* an-úsáideach agus an caighdeán seo á chruthú.

³ https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/homeless_report_-_january_2019.pdf

⁴ 2015 Tuarascáil don Rialtas ón nGrúpa Oibre maidir le Feabhas a chur ar an bPróiseas Cosanta, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus Tacaíocht do Lucht Iarrtha Tearmainn

Táimid buartha faoin gcleachtadh atá ann faoi láthair leanaí scartha a bhfuil 18 mbliana d'aois bainte amach acu agus nach bhfuil cinneadh déanta ina leith maidir lena stádas, an cleachtadh iad a bhogadh ó chúram altrama nó ó chúram cónaithe go dtí Soláthar Díreach. Molaimid mar sin, a fhad is a leanann an cleachtadh seo ar aghaidh, gur chóir do na caighdeáin díriú ar an ról is féidir leis na hionaid chóiríochta a imirt chun cabhrú le leanaí scartha ullmhú don aistriú seo roimh dóibh 18 mbliana d'aois a bhaint amach.

Ní mór go mbeidh córas cigireachta neamhspleách ag gabháil le haon chaighdeán nua. Táimid den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh córas cigireachta neamhspleách ann chun trédhearcacht agus cuntasacht a sholáthar.

6.4 Gearáin ó Theaghlaigh i gcóiríocht curtha ar fáil ag an Stáit agus atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta

In 2018 fuaireamar tuilleadh gearán ó leanaí agus ó theaghlaigh ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Ionaid Soláthar Díreach nó in Ionaid Ionduchtaithe Éigeandála in Éirinn.


Fuaireamar 21 teagmháil/gearán aonair in 2018. An saghas gearán a bhí i gceist ná gearáin maidir le cóiríocht, le bainistiú gearán agus bainistiú aistrithe go dtí ionaid difriúla nó cóiríocht níos mó. Réitíodh na gearáin seo ar fad go háitiúil, pé acu ag bainisteoir an ionaid, ag an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeachthach nó ag Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann.

Fuaireamar roinnt gearán faoin tionchar atá ag easpa tacaíochta airgeadais chun freastal ar riachtanais leanaí. Bhí an tsaincheist seo laismuigh denár dtéarmaí tagartha, ach d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air nach féidir le leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta, spóirt, cultúrtha agus oideachais, agus go gcuirfeadh sé seo isteach go mór ar an leanbh ag amanna áirithe ina saol.

Táimid tiomanta gearáin a thógáil go díreach ó leanaí agus óna dteaghlaigh faoin gcóiríocht agus faoi sheirbhísí, chomh maith leis an taithí atá acu le seirbhísí poiblí eile agus comhlachtaí atá laistigh denár dtéarmaí tagartha.

7

Sábháilteacht ar líne agus Aitheantas



De réir mar a athraíonn Éire agus a théann sí chun cinn, tá dúshlán nua roimh leanaí. Ní mór don reachtaíocht agus don pholasáí dul in oiriúint chun déileáil leis na dúshlán seo ar bhealach a chosnaíonn agus chuireann chun cinn a gcearta mar leanaí. In 2018, chuir Foireann Pholasaí OCO tuairimí ar fáil i leith saincheistanna a théann i gcion ar leanaí sa timpeallacht ar líne, agus ar an athbhreithniú ar an Acht um Inscne a Aithint.

7.1 Ceart leanaí go gcloisfear iad trí na meáin dhigiteacha a chur chun cinn

Mar a aibhsíomar inár dTuarascáil Bhliantúil 2017, choimisiúnaigh OCO an tIonad um Thaighde Sóisialta agus Oideachasúil de chuid Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun taighde a dhéanamh faoi conas a d'fhéadfaí na meáin dhigiteacha a úsáid chun an ceart atá ag leanaí go n-éisteofaí leo i bpróisis cinnteoireachta poiblí a chur chun tosaigh.

In 2018, chríochnaigh an fhoireann taighde an chéad chéim den tionscadal taighde seo. Taighde deisce a bhí i gceist chun na rudaí a leanas a aithint:

- Deiseanna a úsáid chun an ceart a chur chun tosaigh atá ag leanaí go gcloisfí iad
- Na príomhbhacainní atá ann leas a bhaint as na meáin dhigiteacha chun na críche seo agus conas is féidir na bacainní seo a shárú
- Samplaí de dhea-chleachtas áit ar baineadh leas as na meáin dhigiteacha chun na críche seo
- Bloic thógála a d'fhéadfaí a úsáid chun foráil a dhéanamh do agus taú le leanaí chun go gcloisfidh lucht déanta polasaithe ábhartha iad agus soláthróirí seirbhísí trí na meáin dhigiteacha.

Bheartaíomar leanúint ar aghaidh le bunthaighde leantach chun tuairimí phríomhpháirtithe leasmhara a fháil, leanaí agus ógánaigh san áireamh. Cuireadh tús leis an bpleanáil don chéim leantach seo sa taighde agus táimid ag súil go gcuirfidh an fhoireann taighde an bunthaighde seo i bhfeidhm agus go gcuirfidh siad tuarascáil taighde deiridh ar fáil i rith 2019.

7.2 An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábáilteacht ar líne

Tar éis Díospóireachta Pholasaí Oscailte inar ghlac an OCO páirt, d'fhoilsigh an Rialtas Plean *Gníomhaíochta nua don tsábháilteacht Ar Líne 2018-2019* i mí Iúil 2018. Níl straitéis fhadtéarmach le fáil sa Phlean Gníomhaíochta chun déileáil leis an tsábháilteacht ar líne agus feictear go dteipeann air i réimsí áirithe, go háirithe de bharr an easpa tiomantais maidir le meicníocht reachtúil neamhspleách a chur ar bhonn reachtúil⁵. Mar sin féin, aithnítear go soiléir go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe, idir-rannach agus trasearnála chun dul i ngleic leis na dúshlán chasta a bhaineann leis an tsábháilteacht ar líne, agus fáiltimid roimhe seo.

Ó thaobh chearta leanaí de, tá sé ríthábhachtach go n-athnóidh an Rialtas agus gníomhaireachtaí Stáit ábhartha gurb é an Stát ag a bhfuil an príomhchúram, cé go bhfuil ról le himirt ag go leor páirtithe leasmhara maidir le sábháilteacht leanaí ar líne a láidriú. Chomh maith leis an dualgas atá ag an Stát cearta leanaí a chosaint, a chomhlíonadh agus meas a bheith orthu, an timeapllacht ar líne san áireamh, ní mór don Stát meas ar chearta leanaí a chothú i measc gníomhaireachtaí neamh-Stáit.

⁵ I mí Mhárta 2019 d'fhógair an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton T.D. go mbeidh Acht um Shábháilteacht Ar Líne á thabhairt isteach. <https://www.dccae.gov.ie/en-ie/news-and-media/press-releases/Pages/Minister-Bruton-Proposes-New-Law-to-Protect-Children-Online.aspx>

I mí Mheán Fómhair 2018, thug an TD Seán Kyne, a bhí ina Aire Stáit ag an am d'Acmhainní Nádurtha, Gnóthaí Pobail agus Forbairt Dhigiteach, cuireadh don OCO bheith ina bhall den Comhairle Chomhairleach Náisiúnta nua um Shábháilteacht Ar Líne (NACOS). Ghlacamar leis an gcuireadh seo ar choinníoll go gcaomhnófaí ár neamhspleáchas agus i gcás choimhlinte leasa, go n-éireimis as. Oibreoimid chun cearta agus folláine leanaí a chur chun cinn san obair a dhéanaimid le NACOS agus i ngníomhartha a dhéanann an Rialtas chun an Plean Gníomhaíochta a chur chun cinn.

7.3 Athbhreithniú ar an Acht um Inscne a Aithint 2015

In Eanáir 2018 tugadh cuireadh dúinn aighneacht a chur faoi bhráid an bhoird a bhí ag déanamh athbhreithnithe ar an Acht um Inscne a Aithint 2015 (Acht 2015).

Cuireadh tús leis an athbhreithniú de réir alt 7(a) den Acht 2015 agus, ó thaobh an OCO de, chuir sé deis dearfach ar fáil cosaint agus comhlíonadh chearta leanaí agus ógánaigh faoi bhun 18 a láidriú.

Inár n-aighneacht a chuireamar faoi bhráid an Ghrúpa Athbhreithnithe um Inscne a Aithint, chuireamar leis an gcomhairle a bhí tugtha againn roimhe sin agus dhíríomar ar conas a d'fhéadfaí an tAcht 2015 a láidriú chun cearta leanaí agus ógánaigh thrasinscneacha a chosaint agus a chomhlíonadh in Éirinn.

In áit na meicníochta troime atá i bhfeidhm faoin Acht 2015 le haghaidh ógánaigh atá 16 nó 17 mbliana d'aois atá ag iarraidh Teastas Aitheantais Inscne a fháil, mar aon leis an riachtanas míchuí atá ann ceadú míochaine a fháil sular féidir Teastas a fháil, mholamar gur chóir próiseas riaracháin níos sruthlíne a chur ina háit mar is amhlaidh do dhaoine scothaosta. Chuireamar in iúl gur chóir foráil a dhéanamh do thuismitheoirí ar mian leo iarratas ar Theastas Aitheantais Inscne a dhéanamh ar son leanaí atá faoi bhun 16. Mholamar freisin gur chóir foráil


reachtúil chuí a bheith i bhfeidhm más amhlaidh gur mian le thuismitheoir amháin iarratas ar Theastas ar son a linbh faoi bhun 16 a dhéanamh ach go bhfuil an thuismitheoir eile den tuairim nár chóir an t-iarratas sin a dhéanamh.

Foilsíodh an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Acht 2015 um Inscne a Aithint i Meitheamh 2018. Tugaimid faoi deara na tagairtí soléire sa tuarascáil a bhaineann le caighdeáin ábhartha um chearta daonna, an UNCRC san áireamh, agus fáiltímid go hairithe roimh na moltaí a rinneadh maidir le leanaí agus le hógánaigh, a chuireann chun cinn curchuige níos ionchuimsithí agus níos sruthlíne, rud a éascóidh an t-aitheantas inscne.

Tá súil againn go bhfoilseofar an Bille um Inscne a Aithint (Leasú) chomh luath agus is féidir in 2019 agus maidir leis na forálacha atá ann i dtaobh aitheantais inscne i measc leanaí agus daoine óga faoi 18, go seasfaidh siad le cearta agus leas leanaí mar is cuí.



Cur Chuige Leanbhlárnach faoi Lán Seoil



Ag Oifig an tOmbudsman do Leanaí is cuid lárnach denár bhfís í go gcloisfear leanaí go gníomhach agus go léireofar meas dóibh. Cuirimid i ngníomh an fhís seo san obair atá ar bun againn. Spreagaimid gach eagraíocht go rachaidís i gcomhairle le leanaí, go n-oibreoidís leo agus go n-éistfidís leo. Sa mhír seo féachfaimid ar roinnt samplaí den chaoi a rinneamar é seo in 2018.

8.1 Tionscadal UNCRC 25

Chun comóradh 25 bliain a cheiliúradh ó dhaingnigh Éire Choinbhinisún na NA maidir le Cearta an Linbh, rinneamar clár náisiúnta d'imeachtaí a choimisiúnú a rith ó Mheán Fómhair 2017 go dtí Meán Fómhair 2018.

Ba í an fhís ghinerálta a bhí i gceist don chomóradh 25 bliain ná feasacht agus tuiscint a spreagadh i leith cearta leanaí trí dhaoine a spreagadh dul ar ais chuig an gealltanais a rinneadh do leanaí nuair a dhaingníodh an UNCRC in 1992, agus an fhreagracht atá againn a aithint chun cur leis an méid atá bainte amach sna 25 bliain atá díreach imithe.

Glaoh a bhí sa téama a roghníodh 'Leanaí Anois, Cearta Anois' leanaí in Éirinn a aithint mar shealbhóirí cearta anois, agus ní hamháin mar dhaoine fásta a bheidh ann amach anseo. Ós rud é go bhfuil leanaí agus ógánaigh i gcóilár obair na hOifige an Ombudsman do Leanaí, bhí sé mar aidhm ag an gclár oiread guthanna éagsúla agus taithí aonair a chur san áireamh agus ab fhéidir. Trí deiseanna nuálacha agus cruthaitheacha a chur ar fáil rannpháirteachas a léiriú, rinneamar ár ndícheall 'grianghraf beo' a thógáil de chearta leanaí ar ócáid an chomóraidh 25 bliain.

San áireamh sna torthaí a d'eascair as an tionscadail bhí imeacht suaitheanta ar a d'fhreastal os cionn 200 duine óga, comhphairtíochtaí agus comhoibriú cruthaitheach le roinnt eagraíochtaí; forbairt bhuanacmhainní cearta ar líne nuálach, agus cuireadh ginearálta náisiúnta bheith páirteach sa tsochaí in Éirinn.

Foilseofar tuarascáil iomlán ar ghníomhaíochtaí agus torthaí an tionscadail UNCRC 25 in 2019.

I measc cuid de na heochairthionscadail UNCRC 25 a bhí ann in 2018 bhí:

Act your Rights– Chuamar i gcomhar le hamharclann náisiúnta na hÉireann, Amharclann na Mainistreach, agus chruthaíomar acmhainn bunaithe ar chearta a bhain úsáid as teicnící drámaíochta feidhmeacha chun caidreamh a bhunú le lucht féachana óg bunscoile.

Rights in their Eyes– Chuamar i gcomhar le Comórtas Ealaíne Texaco do Leanaí. Thugamar cuireadh do seachtar buaiteoirí den chomórtas in 2017 chun saothar ealaíne a chruthú a chur in iúl conas atá an saol do leanaí nó do dhaoine óga ag fás aníos in Éirinn inniu. Reáchtáladh an taispeántas Cearta ina Súile ag an Acadamh Ibeirneach Ríoga agus ina dhiaidh sin, bhí sé ar chamchuairt in ospidéal leanaí na tíre.

Get Animated About Rights – Chuamar i gcomhar le lucht beochana den scoth in Éirinn chun leanaí agus daoine óga bunscoile agus meánscoile a spreagadh iomhá a chruthú den cheart leanaí is tábhachtaí dóibh. Bhí an deis acu go ndéanfaí beochan de agus GIF gearr. Roghnaigh moltaí na saothair ealaíne ab fhearr agus mar chuid dá nduais thug na buaiteoirí cuairt chúl stáite speisialta ar stiúideo Brown Bag Films.

Féile Scannán Fresh tionscadal 'Hothouse' – Mar chuid d'Fhéile Scannán Fresh tionscadal 'Hothouse' do dhéantóirí scannán óga a bhfuil taithí acu, tugadh cuireadh do seachtar déantóirí scannán óga freagairt don Chonbhinsiún NA ar Chearta an Linbh agus é a úsáid mar théama chun gearrscannáin nua a chruthú a léireodh a meoin maidir le cearta leanaí mar aon leis an taithí atá acu ar 'chearta i ndáiríre'. Reáchtáladh an chéad taibhiú de na scannáin sa phictiúrlann Lighthouse agus is féidir iad a fheiceáil ar www.oco.ie.

8.2 Acmhainn um Chearta Leanaí sa CLG

In 2018 sheol CLG agus Oifig an Ombudsman do Leanaí acmhainn ar líne chun feasacht a ardú agus tuiscint a spreagadh ar chearta leanaí trí na Cluichí Gaelacha. Bhí an Acmhainn Ardú Feasachta ann mar thoradh phróisis a mhair bliain amháin a rinne Forbairt Chluichí & Taighde CLG in éineacht lena Chomhchumann, Peil na mBan agus an Cumann Camógaíochta, agus Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Tá an acmhainn le fáil ag www.learning.gaa.ie/ChildrensRightsAwareness agus tá sé mar aidhm aici feasacht a ardú maidir le Cearta an Linbh in éineacht le cóitseálaithe CLG, le múinteoirí agus tuismitheoirí, agus leo siúd go léir a oibríonn agus dhéanann obair dheonach le leanaí agus le daoine óga sna Cluichí Gaelacha thar gach leibhéal de na Cumainn.

8.3 Ag déileáil le gearáin ar bhealach leanbhlárnach

In 2018, d'fhoilsíomar *Treoir chun Déileáil le Gearáin ar Bhealach Leanbhlárnach*. Spreagan an *Treoir* agus tacaíonn sí le heagraíochtaí déileáil le gearáin de réir an dea-chleachtais agus ar bhealach leanbhlárnach.

Díríonn an *Treoir* ar bhunphrionsabail an dea-chleachtais chun dul i ngleic le gearáin a dhéanann leanaí nó a dhéantar ar a son, agus leagann sí amach conas is féidir na prionsabail seo a aistriú sa dea-chleachtas. Na prionsabail atá i gceist ná: oscailteacht agus inrochtaineacht; leas an linbh; rannpháirteachas leanaí; trédhearcacht agus cumarsáid; tráthúlacht; cothroime; agus monatóireacht agus athbhreithniú.

Chuireamar an *Treoir* i lathair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí, lena n-áirítear comhdháil bhliantúil Lónra na bPríomhoidí Bunscoile (IPPN), ag comhdháil do bhainisteoirí ionaid chóiríochta Soláthar Díreach a d'eagraigh an Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (RIA), ag cruinniú de bhainisteoirí gearán FSS, agus ag comhdháil bhliantúil de Chumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta (NABSME). Scaipeamar an *Treoir* go dtí gach scoil ar fud na tíre freisin.

In Iúil 2018, bhí cruinniú againn le haghaidh ionadaithe sinseartha ó réimse eagraíochtaí chun iad a chur ar an eolas maidir leis an *dTreoir* agus chun a gcuid tuairimí a fháil faoi conas a d'fhéadfaimis tuilleadh feasachta a mhúscailt ina leith. Ba mhaith linn cabhrú le gairmithe a dhéileálann nó a bhainistíonn gearáin a dhéanann leanaí nó a dhéantar ar a son, ba mhaith linn cabhrú leo é sin a dhéanamh ar bhealach leanbhlárnach. Bhí áthas orainn go raibh ionadaithe ón FSS, ó Tusla, ón RIA, ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ón Roinn Oideachais agus Scileanna,

ón gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse agus ó hcomhlachtaí bainistíochta i réimse an oideachais i lathair ag an gcruinniú seo.

Is féidir ár *Treoir chun Déileáil le Gearáin ar Bhealach Leanbhlárnach* a íoslódáil i mBéarla agus i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin www.oco.ie/library/guide-child-centred-complaints-handling/.

8.4 Rannpháirteachas Leanaí: Treoir do Rannpháirteachas Leanaí sa Phróiseas Cinnteoireachta

Faighimid a lán fiosrúchán agus iarratas ó eagraíochtaí faoi conas rannpháirteachas leanaí 'a dhéanamh' agus fáiltímid roimh an suim atá ann tuairimí leanaí a chloisteáil agus an go bhfuil an tsuim sin ag dul i méid. Chun tacú le heagraíochtaí dul i mbun oibre rannpháirteachais le leanaí, d'fhoilsíomar in *2018 Rannpháirteachas Leanaí: Treoir chun ról a thabhairt do Leanaí sa Chinnteoireacht*.

Bunaithe ar ár dtaithí dul i gcomhairle le leanaí agus rannpháirteachas leanaí a spreagadh, cuireann an cháipéis threorach seo comhairle phraiticiúil agus samplaí de dhea-chleachtas ar fáil i leith rannpháirteachais leanaí agus cuireann sí léitheoirí ar an eolas maidir le hacmhainní eile atá úsáideach agus mionsonraithe. Tá súil againn leis seo go spreagfar eagraíochtaí eile páirt ghníomhach a thabhairt do leanaí ina bpróisis cinnteoireachta, is cuma an cinntí beaga nó móra atá i gceist.

Rannpháirteachas Leanaí: Treoir do Rannpháirteachas Leanaí sa Chinnteoireacht. Tá sé le fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.oco.ie/library/childrens-participation-in-decision-making/.

8.5 Cainteanna Leanaí - Child Talks

Chun Lá Domhanda an Linbh 2018 a chomóradh, reáchtáil Oifig an Ombudsman do Leanaí Child Talks i gcomhar le 15 eagraíocht a oibríonn le daoine óga; sraith óráidí spreagúla a thug daoine óga faoina saoil.

Craoladh Child Talks beo ar Facebook agus ar RTÉ News NOW, rud a chur ar chumas daoine óga i ngach cearn den tír, agus iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, rochtain a fháil ar an imeacht speisialta seo. D'fhreastail 150 duine óg ar an imeacht a reáchtáladh i Halla Cathrach Bhaile Átha Cliath, chomh maith le tuismitheoirí agus daoine fásta ag obair san earnáil leanaí. Chonacthas os cionn 20,000 uair é ar Facebook.

I measc na dtopaicí faoinar labhair na daoine óga, bhí an comhionannas, an Pobal Taistealaithe, an ghnéasacht, rochtain ar fhaisnéis, an príobháideacht agus buanna a fhorbairt.

Is deis speisialta é Lá Domhanda an Linbh chun cearta leanaí a chur chun cinn agus uathúlacht daoine óga a cheiliúradh. Is féidir leat Child Talks a fheiceáil ar www.oco.ie.

8.6 One House Project – Tionscadal Teach Amháin

I Meán Fómhair 2018, d'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone an tionscadal píolótach 'Teach Amháin' a bheidh bunaithe i nGaillimh. Faoin tionscnamh seo, beidh Tusla, an FSS agus an Garda Síochána ag obair le chéile, faoin aon díon amháin, chun seirbhísí a sholáthar do leanaí ar ar rinneadh mí-úsáid ghnéis orthu. Tháinig an fhógairt seo i ndiaidh an-chuid oibre ón Aire Zappone; an tOmbudsman do Leanaí, Dr Niall Muldoon; Dr Geoffrey Shannon, an Rapporteur Speisialta ar Chosaint Leanaí; ionadaithe ón nGarda Síochána, Tusla agus Feidhmeannaigh ó na Ranna Cirt agus Sláinte.

Tá seirbhísí den scoth ar a bhfuil rochtain gan mhoill le fáil tuillte ag íospartaigh óga de dhrochíde. Luíonn sé go mór le réasún go gcomhlonnófar seirbhísí chun an tráma a laghdú atá fulaingthe cheana féin ag leanaí a

bhfuil drochíde tugtha dóibh. Ciallaíonn sé nach mbeidh gá ag páistí ar ar rinneadh mí-úsáid ghnéis orthu dul faoi agallamh leis na Gardaí, agus ansin an scéal a athinsint do lucht Tusla agus arís don FSS.

Tá an t-am tagtha ár bpáistí a chur roimh ár gcórais. Ní mór dúinn misneach a bheith againn faisnéis a chomhroinnt ionas gur féidir le gníomhaireachtaí an Stáit déileáil go hoscailte agus tús áite a thabhairt do leasa leanaí i gcónaí. Táimid ag súil go mbeidh mar thoradh ar rath an tionscadail píolótach 'Teach Amháin' go leathnófar an tseirbhís seo amach agus go mbainfidh leanaí ar fud na tíre ar fad tairbhe as.

8.7 Obair ENOC ar shláinte mheabhrach

Is ball seanbhunaithe é an OCO de Lónra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC) agus is é an tOmbudsman do Leanaí, Dr Niall Muldoon, Rúnaí reatha an Bhiúró a threoraíonn obair an líonra. Sa líonra seo tá Ombudsman agus Coimisinéirí do Leanaí ó 40 tír Eorpacha.

In 2018 rinne ENOC obair a dhírigh go háirithe ar shláinte mheabhrach leanaí agus daoine óga. Ag seimineár a reáchtáil OCO i Meitheamh 2018, bhí deis ag baill d'ENOC eolas a chomhroinnt maidir le forbairtí reachtaíochta, polasaí poiblí agus soláthar seirbhísí a bhaineann le sláinte mheabhrach leanaí inár ndlínsí faoi seach. Phléigh baill ENOC freisin réimse saincheisteanna a bhaineann le sláinte mheabhrach leanaí ó thaobh cearta leanaí de.

Tríd an seimineár seo agus ceistneoir do baill, d'oibrigh ENOC chun páipéar seasaimh a dhréachtáil ar *Shláinte Mheabhrach Leanaí san Eoraip*. Glacadh leis an bpáipéar seasaimh seo ag an 22ú Comhthionól Ginearálta i Meán Fómhair 2018. Iarann sé ar an gCoimisiún Eorpach, ar Chomhairle na hEorpa agus ar rialtais san Eoraip gach gníomh cuí a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil an caighdeán is airde ar fad i dtaobh sláinte mheabhrach á fháil ag leanaí.

8.8 Ag tacú leis an gComhairliúchán a dhéanann an Coimisinéir Cosanta Sonraí le leanaí

Luann an an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) go bhfuil cosaint faoi leith ag gabháil le sonraí pearsanta leanaí, sonraí ar líne san áireamh. In 2018 bheartaigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí (DPD) dul i mbun comhairliúchán le leanaí scoile faoina gcearta maidir le cosaint shonraí ar líne. Tá sé mar aidhm ag an gcomhairliúchán a tharlaíonn ar scoil tuairimí leanaí a fháil maidir leis an gcaoi a úsáidtear a gcuid sonraí pearsanta agus a gcearta mar ábhair shonraí.

D'oibrigh an OCO leis an DPC chun an comhairliúchán náisiúnta seo bunaithe sa seomra ranga a reáchtáil ar bhonn píolótach. Thugamar cuireadh do thrí scoil – bunscoil amháin agus dhá mheánscoil – páirt a ghlacadh i gceardlanna píolótach inár n-oifigí. Le tacaíocht ón bhFoireann Oideachais um Chearta agus Rannpháirteachas, sheachaid baill foirne DPC ábhair phíolótach agus d'éist siad le haiseolas ó na leanaí ar an gceardlann. Mar thoradh ar na ceardlanna píolótacha seo agus ionchur na leanaí, rinneadh tuilleadh forbairt ar ábhair le húsáid i scoileanna. Sheol an DPC an comhairliúchán náisiúnta go luath i mí Feabhra 2019 agus eisíodh ábhair chomhairliúcháin do gach bunscoil agus gach meánscoil ar fud na tíre.

8.9 Breatimeacht

Ceartha Leanaí agus Breatimeacht

Mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil anuraidh, in 2017 chuaigh OCO i gcomhar le Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga (NICCY) chun grúpa stiúrtha de dhaoine óga ó áiteanna difriúla in Éirinn a thabhairt le chéile chun pleanáil a dhéanamh d'imeacht ar chearta leanaí agus Breatimeacht *Is é ár mBreatimeacht freisin: Ceartha Leanaí, Guthanna Leanaí*.⁶

Bhí os cionn 120 leanaí i láthair ag an imeacht, chomh maith le polaiteoirí, lucht déanta beartas agus ceannairí sibhialta. Tá an tuarascáil i leith *Is é ár mBreatimeacht Freisin* le fáil ar shuíomh gréasáin OCO.

I mí Mhárta 2018 chuaigh baill den ghrúpa stiúrtha seo ó Thuaisceart agus ó Dheisceart na tíre ar thuras go dtí an Bhruiséil le OCO agus NICCY. Chuir na daoine óga a dtuarascáil i láthair agus chuireadar in iúl a gcúiseanna imní le heochairpháirtithe leasmhara agus le tionchairí sa díospóireacht maidir le Breatimeacht agus an idirbheartaíocht atá ar siúl. Bhuaileadar le Bord Líonra Eorpach na nOmbudsman agus agus na gCoimisinéirí (ENOC) chomh maith le FPE, Leas-Uachtarán Phairlimint na hEorpa Mairéad McGuinness agus Deirdre Clune. Bhuaill na daoine óga freisin le baill d'Oifig Thuaisceart Éireann sa Bhruiséil agus le baill foirne ón oifig de na Buanionadaithe Éireannacha.


In Aibreán 2018, thacaíomar le baill den ghrúpa stiúrtha Breatimeachta freastail ar agus cur i láthair a dhéanamh ag an nDialóg Shibhialta Uile-Oileánda ar Bhreatimeacht. Den chéad uair, sa Dhialóg Shibhialta seo bhí seisiún a dhírigh go háirithe ar leanaí agus ar dhaoine óga. Bhuaill baill an ghrúpa stiúrtha le príomhidirbheartaí Breatimeachta an AE, Michel Barnier, chun a gcúiseanna imní a chur in iúl go díreach dó maidir le tionchar Bhreatimeachta ar chearta leanaí. Ina theannta sin, rinne beirt bhall den ghrúpa stiúrtha, duine amháin ón Deisceart agus duine eile ó Thuaisceart Éireann cur i láthair don Dialóg Shibhialta agus bhí siad ar phainéal ina dhiaidh sin i seisiún ceisteanna agus freagraí.

Tar éis an imeachta seo, d'iarr Independent News Media ar OCO agus NICCY tacú leis an mbeirt bhall óg den ghrúpa stiúrtha alt tuairimíochta a scríobh do na páipéir nuachta náisiúnta chun an 20ú comóradh de Chomhaontú Aoine an Chéasta a cheiliúradh. Foilsíodh na hailt seo a scríobh na daoine óga san *Irish Times* agus sa *Belfast Telegraph* ar 27 Meitheamh 2018.

⁶ Bunaíodh an grúpa stiúrtha seo le cúnamh ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg agus Foróige i deisceart na tíre agus an tIonad Dlí do Leanaí agus an Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann ó thuaidh.



Ag Féachaint ar aghaidh go dtí 2019



9.1 Plean Straitéise 2019-2021

In 2019 foilseoidh an OCO ár bPlean Straitéise 2019 – 2021 a leagfaidh amach ár n-aidhmeanna do na trí bliana atá le teacht.

Cuirfidh ár bPlean Straitéise 2019–2021 leis an obair an-dearfach atá tarlaithe sna trí bliana atá díreach imithe. Leanfaimid orainn ag ardú feasachta i leith cearta leanaí agus daoine óga agus tacóimid le heagraíochtaí poiblí le go nglacfaidís cur chuige níos leanbhlaí.

9.2 Cruinniú Mullaigh do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas

Ar 19 Meán Fómhair 2019, reáchtálfadh an OCO Cruinniú Mullaigh do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas in Éirinn. Ag an imeacht, a reáchtálfar i bPáirc an Chrócaigh, beidh suas le 1,000 leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas i láthair, in éineacht lena dtuismitheoirí agus a gcúramóirí. Is é seo an chéad Chruinniú Mullaigh dá leithéid a bhfuil mar aidhm aige ár n-aighe a athrú maidir leis an gcaoi a fhéachaimid ar agus a théimid i ngleic le leanaí agus le hógánaigh faoi mhíchumas. Bunófar ábhar an lae ar chomhairliúchán le leanaí agus le daoine óga faoi mhíchumas, chomh maith le honchur ó Choiste Mhíchumais OCO. Ba mhaith linn daoine óga faoi mhíchumas agus daoine eile a spreagadh agus iad ag taispeáint don phobal an méid atá bainte amach acu agus an méid a bhfuil ar a gcumas a bhaint amach.

9.3 Reachtaíocht agus polasaí atá le teacht:

- Beimid ag ullmhú aighneachta le cur faoi bhráid an Choimisinéara Cosanta Sonraí i leith próiseála sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).
- Táimid ag súil go gcuirfear chun cinn in 2019 an Bille Oideachais (Cairt do Thuismitheoirí agus do Dhaltaí), an Bille Uchtála (Eolas agus Rianú), an Bille Cigireachta ar Áiteanna Coinneála, agus athbhreithniú RLGO ar an Acht um Chúram Leanaí 1991.
- Cuirfimid le hobair ENOC ar chearta leanaí sa timpeallacht dhigiteach. Ina theannta sin, beimid ag déanamh faireachán ar fhorbairtí maidir leis an Ráiteas Ginearálta nua a bheidh á chur amach ag an gCoiste NA ar Chearta an Linbh i dtaobh cearta leanaí sa timpeallacht dhigiteach.



Leithdháiltear buiséad an OCO tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus tarraingítear síos ar bhonn míosúil é. In 2018, 2.733m a bhí i mbuiséad OCO, ardú de €373,000 ar 2017. Caitheadh formhór an ardaithe seo ar phá.

In 2017, rinneamar an chéad fheachtas earcaíochta ó bronnadh ceadúnas earcaíochta orainn. D'earcaíomar ochtar ball foirne buan atá anois ar an bhfoireann Rannpháirteachais agus Oideachas um Chearta, agus ár bhfoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe. Tá 22 ball foirne buan ag an OCO anois.

Mar atá leagtha amach in Ailt 17(1) agus (2) den Acht Ombudsman do Leanaí 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbheart na hOifige.

I measc na bhfeidhmeana a chuireann taca faoi na freagrachtaí sin, áirítear íocaíochtaí ar earraí agus ar sheirbhísí a údarú agus a mhonatóiriú, próisis tairiscinte, feidhmiú párolla, agus tuairisceáin míosúla a thiomsú. Baintear an méid seo amach trí dhlúthchomhoibriú idir an tOmbudsman, Ceannairí na Seirbhísí Corparáideacha, agus cuntasóirí na hOifige, Crowley's DFK.

Tá na Raitis Airgeadais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanfar cuntais 2018 a iniúchadh go luath i mí Iúil 2019. Go ginearálta, ní bhíonn an t-iniúchadh do bhliain áirithe déanta agus curtha isteach le foilsiú sa tuarascáil bhliantúil don bhliain céanna. Agus iad faofa ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilsítear iad, in éineacht le cuntais bhliantúla do gach bliain suas go dtí 2017, ar shuíomh gréasáin OCO.

Ba iad Cuntasóirí Cairte ASM a rinne an t-iniúchadh inmheánach agus rinneadar athbhreithniú ar an rialú inmheánach in 2018.

10.1 Gníomhaíochtaí na hOifige

Leanann an OCO uirthi saoráidí inár oifig i dTeach na Mílaoise a chur ar fáil mar ionad le haghaidh imeachtaí cuí atá dírithe ar chearta agus leas leanaí agus daoine óga. Sna saoráidí seo tá spás oscailte do ghrúpaí níos mó, seomra traenála agus seomra pictiúrlainne.

Cuireann úsáid ar saoráidí do na himeachtaí seo ar ár gcumas caidrimh a chruthú agus a chaomhnú le grúpaí difriúla dírithe ar ógánaigh, agus cabhraíonn sé linn cur le próifil na hOifige

Idiú Fuinnimh

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht don Treoir 2006/32/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 5 Aibreán 2006, agus tháinig Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2009 (Éifeacht úsáid deireadh fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (S.I. 542 de 2009) i bhfeidhm. Ó Eanáir 2011 de réir na Rialachán tá sé de dhualgas ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí an méid fuinnimh a úsáideann siad agus na gníomhaíochtaí atá ar bun acu chun é a laghdú a chur i dtuarascáil bhliantúil.

In 2018, d'úsáid an OCO 87,304kWh of leictreachais, i gcomparáid le 79.112 MWh in 2017. Déantar monatóireacht ar idiú fuinnimh ar bhonn leanúnach. Tá córas cuimsitheach maidir leis an athchursáil inmheánach i bhfeidhm i gcónaí ag an OCO. Tá baint ag an OCO le feachtas an OOB Optimising Power @ Work, agus bímid ag lorg bealaí i gconaí chun ár n-idiú fuinnimh a laghdú, trí sholais níos tíosaí ar fhuinneamh a úsáid, tionscadal atá ar siúl anois i gcuid den oifig, agus ríomhairí atá níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in áit na ríomhairí a bhí againn, rud a baineadh amach in 2018.

10.2 Cosaint Shonraí

Ar 25 Bealtaine 2018, tháinig an an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm. Sular tháinig an fhorbairt thábhachtach seo maidir le cosaint shonraí i bhfeidhm, chuireamar próiseas domhain i bhfeidhm chun ár bpolasaithe agus nósanna imeachta maidir le cosaint shonraí a athbhreithniú agus a uasdhátú chun cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann siad ár riachtanais i leith an GDPR. I gceist leis an obair chun sraith polasaithe agus nósanna imeachta a chomhlíonann an GDPR a thabhairt chun críche, bhí rannpháirteachas gníomhach le baill foirne OCO agus ionchur uathu freisin. Mar institiúid neamhspleách cearta leanaí, aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an GDPR maidir le cearta an duine is ábhar do shonraí a láidriú, cearta leanaí agus daoine óga san áireamh. Táimid tiomanta seasamh le cearta daoine is ábhar do shonraí agus cur leis an obair a thosaíomar in 2018 chun bheith cinnte go bhfuil an phróiseáil shonraí phearsanta a dhéamaimid i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

Ombudsman for Children's Office
Millennium House
52–56 Great Strand Street
Dublin 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
 [@OCO_ireland](https://twitter.com/OCO_ireland)